

seanda



20 An fiú é struchtúir iarmheánaiseacha a thochailt?

38 Deich mbliana de gheoifisic na seandálaíochta

48 An dóigh a ndéanfadh bogearraí chluiche ríomhaire réabhlóid sa tseandálaíocht

seanda

Clár ábhair

ICH

02 Nuacht

08 Traidisiún fada tháirgeadh arbhair

12 Talamh imeallach

16 Áitheanna Chill na Cranncha

18 Tírdhreach Meánaoiseach

20 Tithe ligthe i ndearmad agus sráidbhailte cailte

24 Taobh thiar den Chaiseal

29 Seanloirg na beatha agus an bháis

32 Greanta sa Tírdhreach

36 Eolas nuashonraithe ar na déantáin adhmaid is luaithe i gCaiseal

37 Brú an Ghabha

38 Deich mbliana de Gheoifisic na Seandálaíochta

40 Sinsearachta agus anailís ag Baile Úilínigh

42 Droichid chuig imeachtaí a tharla le gairid

44 Ag léiriú na beatha agus an bháis sa luathmheánaois

48 Ag súgradh leis an tseandálaíocht... níl tú í ndáiríre!

52 An tSeandálaíocht taobh istigh agus taobh amuigh den seomra ranga

56 Gluais



Talamh imeallach

Léiríonn fionnachtana a rinneadh ar na mallaibh ar Sheachród N5 Bhealach an Doirín i gContae Ros Comáin go raibh daoine sa cheantar ón luath-réamhbstair.



Seanloirg na beatha agus an bháis

Léirigh réamhbhorthaí de thochailtí ar Sheachród Thrá Lí i gContae Chiarraí a lán fianaise seandálaíoch.



Ag léiriú na beatha agus an bháis sa luathmheánaois

Tugann clóis luathmheánaoiseacha tochailte ar an N9/N10 i gContae Cheatharlach agus i gContae Chill Chainnigh léargas ar ghníomhaíochtaí teaghlaigh agus na gníomhaíochtaí adhlactha den am sin.

Foireann Táirgeachta

FOIREANN EAGARTHÓIREACHTA
Michael Stanley (eagarthóir)
Rónán Swan
Sheelagh Hughes (eagarthóir cóipe,
Editorial Solutions Ireland, Teo)

TÁIRGEADH, LEAGAN AMACH
AGUS DEARADH
LSD Teo.

FOILSITHEOIR
An tÚdarás um Bóithre Náisiúnta
Teach Naomh Máirtín
Bóthar Waterloo
BÁC 4

SUÍOMH IDIRLÍN
Tabhair cuairt ar www.nra.ie/Archaeology/Seanda-NRAArchaeologyMagazine/ lena fheiceáil nó íoslódáil leagan PDF den iris seo agus de na heagrán uilig roimhe seo.

SÉANADH
Ní gá gur léiriú atá sna tuairimí a nochtar san fhoilseachán ar dhearcadh an Údarais um Bóithre Náisiúnta ach is tuairimí na n-údar féin atá iontu amháin.

© An tÚdarás um Bóithre Náisiúnta 2011

Gach ceart ar chosaint. Níl cead cuid ar bith den iris seo a ath-chlóbhualadh nó a atáirgeadh nó a úsáid ar aon bhealach leictreonach meicniúil ná eile dá bhfuil ann anois nó dá n-airgfear ina dhiaidh seo, lena n-áirítear fótachóipeáil agus taifeadadh nó ar bhealach ar bith eile gan cead scríofa na bhfoilsitheoirí roimh ré nó gan ceadúnas a cheadaíonn cóipeáil shrianta in Éirinn arna eisiúnt ag Gníomhaireacht na hÉireann um Ceadúnúchán Cóipchirt Teo., Lárionad na Scríbhneoirí, 19 Cearnóg Parnell BÁC 1

Iomhá chlúdaigh: Seandálaithe ag taifeadadh trach a bhfuil líneáil d'adhmaid air ag Bocach, Contae Ros Comáin, ar Sheachród N5 Bealach an Doirín (Grianghraf: AirShots Teo).

Fáilte chuig an séú heagrán de *Seanda*

Feardorcha de Barra, Príomhfheidhmeannach, an tÚdarás um Bóithre Náisiúnta



Fred Barry

Ó foilsíodh í den chéad uair i 2006, scaiptear an iris *Seanda* gach bliain chuig gach leabharlann phoiblí agus gach meánscoil ar fud na tíre. Scaipeadh í fosta chuig baill den ghairm sheandálaíochta agus cleachtóirí oidhreachta eile, chuig cumainn stairiúla agus cumainn sheandálaíochta, chuig daoine sa phobal i gcoitinne atá ar liosta poist an ÚBN, chuig institiúidí tríú leibhéal agus chuig ionadaithe poiblí ar leibhéal áitiúil agus náisiúnta. Tá an méid daoine atá ag léamh na hirise an-ard agus tá a lán léitheoirí an-fhláithiúil ag roinnt a mbarúlacha dearfacha faoin iris linne i rith na mblianta. Thug siad aischothú luachmhar dúinn a chuidigh linne agus leis an líon mór scríbhneoirí atá againn, ábhar na hirise a fheabhsú ó eagrán go heagrán.

Is tionscnamh nua é an t-eagrán is déanaí maidir leis an dóigh a dtugann an ÚBN eolas ar na fionnachtana a dhéantar ar na scéimeanna bóthair. San am a chuaigh thart, scaip muid na deich míle cóip chrua ar fud na tíre agus ag an am céanna rinne muid leagan leictreonach (PDF) de gach iris a bhí ar fáil le thíoslódáil ó shuíomh gréasáin an ÚBN: www.nra.ie/Archaeology/SeandaMagazine/. Mar gheall ar na srianta airgeadais atá ann faoi láthair, beidh *Seanda* ar fáil anois ar líne amháin, cé go mbeidh roinnt feabhsuithe feidhmiúla ann chun an eachtra ar scáileán a dhéanamh níos idirghníomhaí, níos cairdiúla agus níos sultmhara. Forbairt phiolatach i bhfoilsitheoireacht ar líne atá ann agus cuirimid fáilte roimh bhur mbarúlacha ar an chur chuige nua seo le measúnú conas a d'éirigh leis.

Beidh áthas oraibh siúd ar breá libh an leathanach clóbhuailte an nuacht faoi na foilseacháin is déanaí ón ÚBN (féach lch. 4 agus 6) a léamh. Foilsíodh an chéad cheann, *In the Lowlands of South Galway* le Finn Delaney agus John Tierney i mí an Mheithimh. An seachtú ceann de Monagraif Scéim an ÚBN atá ann agus cuireann sé síos ar thorthaí na dtoghchait ar an scéim bhóthair ar an N18 Orán Mór–An Gort i gContae na Gaillimhe. Seoladh an dara foilseachán dár gcuid, *Past Times, Changing Fortunes*, curtha in eagar le Sheelagh Conran, Ed Danaher agus Michael Stanley, ag deireadh mhí Lúnasa. Cuireann sé i láthair imeachtaí ó Sheimeanár Seandálaíochta Náisiúnta an ÚBN 2010 agus is é an t-ochtú himleabhar foilsithe sa tsraith Monagraf An tSeandálaíocht agus an tÚdarás um Bóithre Náisiúnta. Táthar ag súil lena lán teideal eile sa dá shraith mhonagraf i gceann cúpla bliain eile agus táimid ag súil go mór le scéal a thabhairt daoibh fúthu sa leagan nua leictreonach de *Seanda*.

Feardorcha de Barra


Nuacht

Ag aimsiú thórdhreacha seandálaíocha Chill Chainnigh

Ar 9–10 Meán Fómhair 2010, in Óstán Ormonde, Cathair Chill Chainnigh tharla Monuments, Memory and Maps: discovering Kilkenny's Archaeological landscapes, comhdháil a scrúdaigh flúirse eolais nua ar lonnaíocht i gContae Chill Chainnigh atá ag teacht as taighde seandálaíoch le fiche bliain anuas. Tharraing an chomhdháil suntas ar chuid de na gnéithe i dtórdhreacha agus in oidhreacht sheandálaíoch Chill Chainnigh nach bhfuil a lán eolais orthu. Thug tógáil an mhótarbhealaigh nua deis do sheandálaithe scrúdú a dhéanamh ar chodanna den chontae nach ndearnadh taighde seandálaíoch orthu roimhe. Tá seo le feiceáil i bpáipéir a thug Graeme Laidlaw, Headland Archaeology (Ireland) Teo agus an Dochtúir Richard Jennings, Kilkenny Archaeology Teo: bhí baint ag na páipéir seo le torthaí na dtoghchait ar an chuid den N9/N10 Cnoc an Tóchair–Baile an Phaoraigh.

Cuid de Phlean Oidhreachta Chill Chainnigh a bhí sa chomhdháil Séadchomharthaí, Cuimhne agus Léarscáileanna agus thug Fóram Oidhreachta Chill Chainnigh, Comhairle Cathair Chill Chainnigh, Comhairle Contae Chill Chainnigh, an Chomhairle Oidhreachta agus an t-ÚBN tacaíocht di. Beidh an t-eolas a tugadh ag an chomhdháil mar ábhar de leabhar nua atá le foilsiú ag Comhairle Cathair Chill Chainnigh go luath i 2012. Is féidir tuilleadh sonraí faoin chomhdháil a fheiceáil ag: www.kilkennycoco.ie/eng/Services/Heritage/Monuments-Memory-and-Maps.pdf

Michael Stanley, Seandálaí an ÚBN,
Príomhoifig an ÚBN.



Baineann suíomh gréasáin gradam idirnáisiúnta

Bhain suíomh gréasáin, a dhéanann cairt den cheantar timpeall thuaisceart Chontae Lú, an gradam clúiteach Museum and the Web 2011 d'iarsmalanna beaga i Philadelphia, SAM, ag tús mhí Aibreáin. Forbraíodh an suíomh gréasáin, www.asi-louth.ie mar chomhlánú don taispeántas a mhaoineadh an t-ÚBN faoi fhionnachtana ar rian an tseachróid thiar thart timpeall Dhún Dealgan—ASI: Archaeological Scene Investigation in North Louth (féach Seanda, Eagrán 5 [2010], lch. 23–5). D'fhorbair Mor Solutions, Dún Dealgan agus Iarsmalann an Chontae, Dún Dealgan an suíomh gréasáin a tharraingíonn suntas ar an éagsúlacht leathan de dhéantáin a aimsíodh i rith tógála de chuid den bhóthar M1–A1. Ní léiríonn an suíomh gréasáin an tseandálaíocht nua a fhaightear sa cheantar amháin, ach an dóigh ar oibrigh seandálaithe chun suímh agus fionnachtana a aimsiú chomh maith. Le téacs, grianghraif agus líníocht le seandálaí an ÚBN Niall Roycroft, agus na comhlachtaí comhairleacha a raibh baint acu leis an suíomh, chomh maith le rannóg léarscáileanna Google a cheanglaíonn suímh, íomhánna agus tuairiscí, oidhreacht fhoirsteanach don tionscnamh atá sa suíomh gréasáin seo. Cuspóir amháin a bhí ag an fhoireann, sin cur i láthair nua agus smaointe nua a thabhairt don stair agus don tseandálaíocht. Tá áthas orainn gur bhain muid an chuspóir seo amach.

Brian Walsh, Coimeádan, Iarsmalann an Chontae, Dún Dealgan.



Ar chlé–ar dheis: Breda Lynch, Bainisteoir Chlár Tionsclaíochta, AIT, Jude Clancy, ITS, Sheila Tierney, ITS, Brenda Gaffey, Faighteois is fearr, AIT agus Anita Watts, An Oifig Taighde, AIT. (Grianghraf: Institiúid Teicneolaíochta, Sligeach)

Gradam póstaeir do thionscamh taighde Bhaile Sheanaidh

Is tionscamh taighde a mhaoinigh an tÚBN i bpáirtíocht le hInstitiúid na Teicneolaíochta, Sligeach (ITS), Ollscoil na Banríona, Béal Feirste agus Comhairle Contae Dhún na nGall Tionscamh Taighde Bhaile Sheanaidh (féach *Seanda* Eagrán 1, [2006], lch. 60–5, agus Eagrán 4 [2009] lch. 22–7. An rud atá sa tionscamh ná staidéar ó thaobh na seandálaíochta de agus ó thaobh anailíse eolaíche de, ar iarsmaí daonna a tochlaíodh ó reilig mheánaoiseach ag Baile Sheanaidh, Contae Dhún na nGall. Tá na gnéithe éagsúla den taighde le dul i gcrích an bhliain seo agus tarraingeoidh monagraf atá i mbéal a fhoilsithe torthaí na dtaighdeoirí éagsúla le chéile le léargas a thabhairt ar bheatha agus ar bhás phobal Éireannach na meánaoise. I mí Feabhra seo caite ghlac Sheila Tierney, duine de thaighdeoirí Bhaile Sheanaidh lonnaithe ag ITS, páirt i ‘posterfest’ iarchéimithe in Institiúid Teicneolaíochta Áth Luain (AIT) agus bronnadh an gradam ‘Best Overall Poster’ uirthi. Léirigh póstaer Sheila sonraí ar a cuid taighde ar anailís AND ársa ar an bhailiúchán cnámh ag Baile Sheanaidh.

Deirdre McCarthy, Seandálaí Cúnta an ÚBN, an Fhoireann Thiar thuaidh.



Cuairt Fhoireann na saor bád ar shuíomh lonnaíochta Lochlannach ag Baile na Coille i mí Aibreáin 2011. (Grianghraf: James Eogan)

Tugann Saoir Bhád Lochlannacha cuairt ar Shuíomh Bhaile na Coille

Tá Comhairle Cathair Phort Láirge, Cumann Lucht Tráchtála Phort Láirge agus FÁS ag comhoibriú ar thionscnamh macasamhail de bhád fada Lochlannach a thógáil. Thug foireann na saor bád cuairt ar an suíomh lonnaíochta ó aimsir na Lochlannach ag Baile na Coille i mí Aibreáin 2011, áit ar thug an t-údar radharc ginearálta ar an fhianaise sheandálaíoch a fuarthas anseo i rith tochailtí trialacha roimh thógáil Sheachróid Chathair Phort Láirge N25. I measc an réimse leathain de rudaí a fuarthas ón suíomh tá tairní iarainn loinge, rud a léiríonn gur dócha gur baineadh anuas nó gur deisíodh báid Lochlannacha ar an suíomh i rith an naoú haois AD. Ainmníodh an suíomh ag Baile na Coille mar Shéadchomhartha Náisiúnta agus coimeádtar *in situ* é. Tá Stiúrthóir na Tochailte Ian Russell agus an seandálaí an Dr Maurice Hurley ag scríobh monagraif faoi láthair ar an lonnaíocht Lochlannach ag Baile na Coille. Tá an obair seo maoinithe ag an ÚBN agus An Roinn Ealaíon, Oidhreacht agus Gaeltachta agus foilseofar í i 2012 faoi choimirce Iarsmalann Seod Phort Láirge. Is féidir amharc ar an eolas ar thionscnamh thógáil bád ag: www.facebook.com/pages/Viking-Longboat-Project-Waterford/151810381543164?sk=info.

James Eogan, Seandálaí Sinsearach an ÚBN, Foireann an Deiscirt.

Ábhair ó Bhaile na Coille ar taispeántas buan

I dTionscamh an Triantáin Lochlannaigh beidh forbairt ar trí iarsmalann i gcróí stairiúil na cathrach i gceantar ar a dtugtar an Triantán Lochlannach. Tá sraith d’fhoirgnimh a léiríonn i dteannta le chéile stair míle bliain Phort Láirge óna bunús Uigingeach go dtí an 19ú haois.

Sa chéad chéim, a d’oscail an Dr. Leo Varadkar TD, Aire Iompair, Turasóireachta agus Spóirt, tá taispeántas den ábhair a fuarthas ag an áit lonnaithe Lochlannach, na hairm a fuarthas san uaigh ‘Lochlannach’ ina measc

(féach *Seanda* Eagrán 2 [2007], lch. 9–11) a phléigh an saineolaí ar na Lochlannaigh, an Dr. Stephen Harrison ag seimineár Sheachtain na hOidhreacht an ÚBN a eagraíodh ar na mallaibh (féach lch. 7). Tá na hábhair le feiceáil i dTúr Raghnaill a bhfuil aois 800 bliain aige. Sonraí breise: www.waterfordtreasures.com/reginalds-tower/index.htm.

James Eogan, Seandálaí Sinsearach an ÚBN, Foireann an Deiscirt.

Nuacht



Léirigh John Tierney ó Eachtra Archaeological Projects, an dóigh a ligeann an nua-theicneolaíocht do na seandálaithe a bheith nuálach agus cruthaitheach nuair a mhíníonn siad torthaí a chuid oibre.



An Dochtúir Michael Potterton ó Four Courts Press i rith a chuir i láthair ag Fóram Chumarsáid na Seandálaíochta. (Ghrianghraf: Michael Stanley)

Fóram Chumarsáid na Seandálaíochta

Ó sheoladh na chéad irisí ársaíochta 200 bliain ó shin, thuairiscigh leathanaigh chlóbhuailte nuacht faoi fhionnachtana seandálaíochta agus thaifead siad iad do na glúnta atá le teacht. Ba iad na leitheoirí an lucht gairme nó amaitéirigh a raibh suim feadh saoil acu san ábhar. Tá an 21ú hAois difriúil. Anois ní hiad na leathanaigh chlóbhuailte an t-aon dóigh amháin leis an scéal a insint agus is féidir go bhfuil ollphobal amuigh ansin do scéalta seandálaíochta.

Is athrú cultúrtha mór sa tseandálaíocht é seo. Pléadh na himpleachtaí agus na deiseanna a thagann as seo ag fóram poiblí an-fhuinniúil a d'eagraigh an tÚBN agus Institiúid Sheandálaithe na hÉireann i nGaillimh ar 16 Meitheamh 2011. Labhair Jerry O'Sullivan (Seandálaí an ÚBN), an Dochtúir Michael Potterton (Four Courts Press), John Tierney (Eachtra Archaeological Projects), agus Peigín Doyle (iriseoir neamhspleách). Ach tugadh an chuid ba mhó den am do na tráchtanna ón lucht éisteachta an-bheoga, a raibh rud le rá acu uilig ar a smaointe agus ar a dtaithí, agus mar sin, taithí foghlama do gach duine i láthair a bhí ann.

Oiriúnach go leor, cuireadh deireadh leis na himpleachtaí le seoladh Monagraf 7 Scéim an ÚBN, *In the Lowlands of South Galway*, le Finn Delaney agus John Tierney. Beidh a fhios ag ár léitheoirí rialta go léir nach seasamh cúlgharda an leabhair chlóbhuailte a bhí ann, toisc go dtagann dlúthdhioscaí ina bhfuil na tuairiscí tochairle deiridh agus eolas teicniúil

eile lenár monagraif scéime. Sheoil an tOllamh Noël Wilkins, Uachtarán Chumann Staire agus Seandálaíochta na Gaillimhe, an t-imleabhar breá nua seo.

Jerry O'Sullivan, Seandálaí an ÚBN, Foireann an Iarthuaiscirt.



An tOllamh Noël Wilkins ag seoladh *In the Lowlands of South Galway*.



Comhúdar *In the Lowlands of South Galway* Finn Delaney (ar chlé) agus iriseoir neamhspleách Peigín Doyle (ar dheis)



Na húdair Finn Delaney agus John Tierney ó Eachtra Archaeological Projects.



Fiosrúchán seandálaíochta sa 21ú haois

Ar an 21 Lúnasa 2011 tháinig lucht éisteachta ina raibh seandálaithe gairmiúla agus daoine ón phobal le chéile ag Spás Bhalla na Cathrach, Lárionad Ché an Adhmaid, Oifigí Cathair Bhaile Átha Cliath d'eochairóráid leis an Ollamh Martin Carver le teideal 'Fiosrúchán Seandálaíochta sa 21ú hAois: á cheannach, á dhéanamh agus ag tabhairt stádas dó'. Taobh istigh d'uair a chloig thug an tOllamh Carver (Eagarthóir den iris chluiteach *Antiquity* agus Ollamh Emeritus Ollscoil Eabhraic) anailís ar an obair sheandálaíoch i níos mó ná 20 tír ar fud na cruinne, ag cur béime ar ról na seandálaithe, a modhanna oibre, scála agus aidhm a bhfiosrúchán, agus bonn teoiriciúil a gcuid oibre. Léirigh an tOllamh Carver fósta a fhís don tseandálaíocht san am atá le teacht, nuair a bheidh staidéar an ábhair ag cur níos mó agus níos mó béime ar an eolaíocht, ar an eolas agus ar mhíniú.

Ina theannta sin, chuir an tOllamh Carver obair sheandálaíoch an ÚBN i gcomhthéacs domhanda, ag taispeáint pointí láidre lárnaigh i gcur chuige an ÚBN, ina measc pleanáil agus dearadh ilchineálacha, tochailt limistéir forleathan, grinnaíocht a mhéadaióinn na torthaí taighde, sintéis shamhailteach chairdiúil, agus foilseacháin tráthúla atá ar fáil go héasca.

Mharcáil an eochairóráid seo an 10ú comóradh de cheapacháin sheandálaithe tionscnaimh ag an ÚBN chun an tseandálaíocht ar scéimeanna bóthair náisiúnta a bhainistiú. Rinneadh níos mó ná 2,000 tochailt sheandálaíochta aonair chomh maith le 80 scéim bhóthair i rith na 10 bliain ó shin.

Ronán Swan, Ceannaire Seandálaíochta (sealadach) an ÚBN, Príomhoifig an ÚBN.



An tOllamh Martin Carver ag oscailt an óráide, ag plé obair sheandálaíoch an ÚBN taobh istigh de chomhthéacs domhanda. (Grianghraf: Michael Stanley)



Thug an tOllamh Carver an lucht éisteachta ar turas seandálaíoch domhanda an-phléisúrtha.



Ronán Swan, Ceannaire Seandálaíochta an ÚBN (sealadach), agus an tOllamh Carver i rith an phlé a lean an eochairóráid.

Nuacht

Imeachtaí Seimineáir is Déanaí an ÚBN

Ba ábhar chuí é *Past Times, Changing Fortunes*, téama a léirigh inní faoi chúrsaí eacnamaíocha an lae inniu, do Sheimineáir an ÚBN anuraidh in Óstán an Gresham, BÁC 26 Lúnasa 2010. Tugadh cuireadh do na haoi-chainteoirí labhairt ar an fhianaise sheandálaíoch phalaetimpeallach atá ann ar athrú chinniúint thírdhreacha agus mhuintir na hÉireann thar na mílte bliain. Seoladh imeachtaí an tseimineáir *Past Times, Changing Fortunes* 24 Lúnasa 2011 ag an Ollamh Martin Carver i bpríomhóráid s'aige ag ceiliúradh 10 bliain cheapachán sheandálaithe thionscnamh an ÚBN (féach an leathanach roimhe).

Is é an t-ochtú heagrán é an leabhar nua, curtha in eagar ag Sheelagh Conran, Ed Danaher agus Michael Stanley, le bheith foilsithe sa tsraith scéim mhonagraif de chuid 'Seandálaíocht



An tOllamh Martin Carver ag seoladh *Past Times, Changing Fortunes* agus ag spreagadh daoine le cóip a cheannach. (Grianghraif: Michael Stanley)

agus an tÚBN'. Tá naoi bpáipéar in *Past Times, Changing Fortunes* scríofa ag cuid seandálaithe agus saineolaithe atá ag obair san earnáil phoiblí agus san earnáil phríobhaideach. Tá an tÚBN an-bhuíoch as an am agus as an fhiontar atá tugtha acu don seimineár agus don fhoilseachán ina dhiaidh, go háirithe sa tréimhse dhúshlánach seo, agus ba mhaith leo a mbuíochas ag gabháil leo uilig. Léirítear go forleathan, sna himeachtaí is déanaí, an iomadúlacht fhianaise sheandálaíche agus phalaetimpeallaí don ilmhéid athruithe ar an oileán seo agus somheanma na ndaoine.

Tá *Past Times, Changing Fortunes* foilsithe ag an ÚBN agus tá sé ar fáil sna siopaí leabhar nó go díreach ó Wordwell Book Sales, Media House, South County Business Park, Baile na



Lobhadh, BÁC 18 (teil: +353 1 2947860; riomhphosthelen@wordwelbooks.com)

Michael Stanley, *Seandálaí an ÚBN*, *Príomhoifig an ÚBN*.



Cuid de scríbhneoirí an leabhair úir: (ar chlé – ar dheis) Eileen Reilly, Mícheál Ó Droma, Joanne Hughes, Sheelagh Conran (comheagarthóir), Scott Timpany agus Mick Monk.



Pobail ag teacht le chéile

Tharla Seimineár Náisiúnta na Seandálaíochta de chuid an ÚBN, den teideal, *Pobail ag Teacht le Chéile*, 25 Lúnasa 2011 ag Spás Balla na Cathrach, Láthair Ché an Adhmaid, Oifigí na Cathrach BÁC. Rinne an Seimineár, ceann d'iomadúlacht imeachtaí Sheachtain na hOidhreacht, a bhí ag eagraíochtaí éagsúla fud fad na tíre, iarracht teagmháil le pobail eile mar phríomhfhórsa taobh thiar d'athrú sa tsochaí a fhiosrú. Iarradh ar chainteoirí labhairt ar roinnt ceisteanna ar an téama seo, ag déanamh miontagartha d'fhionnachtana ar scéimeanna bóthair náisiúnta na hÉireann le 10 bliain anuas nó níos mó. An féidir fianaise le stair fhada na hÉireann de choncas, de choilíneacht agus d'imirce a aimsiú sa taifead seandálaíoch? Cad é mar a mhúnlaigh tráchtáil, imirce nó smaointí agus teicneolaíochtaí iompórtáilte pobail dhaonna san am a chuaigh thart? Cá huair, san am a chuaigh thart, a roinn pobail an t-oileán eatarthu? Léiríodh dearcadh na gcainteoirí féin maidir leis an téama, chomh maith leis na barúlacha a spreag na ceisteanna thuas.

Is féidir amharc ar chlár iomlán an tseimineáir ar shuíomh idirlín an ÚBN ag: www.nra.ie/ Archaeology/NationalArchaeologySeminar/



Frank Prendergast ag cur i láthair a pháipéir ar imfhálú post larnaoiseach a tochlaíodh ag Lios Muillin, Contae na Mí, ar an mhótarbhealach M3. (Grianghraf: Michael Stanley)

ArchaeologySeminar2011/. Foilseofar imeachtaí an tseimineáir *Pobail ag Teacht le Chéile* ag an tÚBN i mí Lúnasa 2012.

Michael Stanley, Seandálaí an ÚBN, Príomhoifig an ÚBN.



James Lyttleton ag cur síos ar fhianaise theoranta sheandálaíoch a bhaineann le bunadh na háite agus daoine úra a tháinig isteach i dtréimhse Phlandáil na hÉireann (16ú-17ú aois) a tháinig chun solais ar na scéimeanna bóthair.



Brian Mac Domhnaill ag argóint ar son iniúchadh na lonnaíochta iarmheánaísi chun muid a thabhairt níos cóngaraí do na pobail a bhí ann le gaird.



Cuid de na cainteoirí ag an seimineár *Pobail ag Teacht le Chéile*: (ó chlé) Paul MacCotter, Jerry O'Sullivan, Derek Gallagher, Stephen Harrison, Paul Stevens, Colm Flynn, Brian Mac Domhnaill agus Jacinta Kiely.

Traidisiún fada tháirgeadh arbhair


Thug tochairtí ag Ráth an Bháthaigh léargas iontach ar stair fheirmeoireacht arbhair i gContae Chill Chainnigh.

Le Meriel McClatchie, seandálaí timpeallachta neamhspleách

Tá clú agus cáil ar Chontae Chill Chainnigh mar gheall ar tháirgeadh barra d'ardchaighdeán, ach níl a fhios ag an oiread sin daoine gur cleachtadh táirgeadh arbhair anseo leis na mílte bliain. Léirigh tochairt sheandálaíoch ar na mallaibh i mbaile fearainn Ráth an Bháthaigh fianaise nua le traidisiún an-fhada de shaothrú gránbharr i gContae Chill Chainnigh, le hiarsmaí ní ba luaithe ann ón ré Neoiliteach (timpeall 4000–2400 RCh) nuair a tháinig an fheirmeoireacht go hÉirinn den chéad uair. I rith an ama saothraíodh barra éagsúla ag amanna éagsúla, rud a léirigh cúinsí soisialta agus eacnamaíochta ar feadh thréimhse na mílte bliain.

Tochairt ag Ráth an Bháthaigh

Aimsíodh an suíomh ag Ráth an Bháthaigh mar chuid de na hoibreacha seandálaíochta gaotha leis an phlean bóthair N9/N10 agus rinneadh tochairt faoi stiúr an



Plean d'áith T-chruthach ag Ráth an Bháthaigh, ina bhfuil plan ginearálta an tsuímh mar intlís. (Líniocht: Valerie J Keeley Teo)



tseandálaí John Channing ó Valerie J Keeley Teo. Lárionad ghníomhaíochta a bhí sa suíomh seo ón ré Neoiliteach go dtí an ré luathmheánaoiseach (timpeall AD 450–1169), agus bhí áitritheoirí an tsuímh páirteach i ngníomhaíochtaí teaghlaigh, i ngníomhaíochtaí tionsclaíochta agus i ngníomhaíochtaí sochraide. Fuarthas réimse suntasach de thréithe seandálaíochta, maidir le dáta agus le húsáid, i rith na tochailte.

Chun fianaise le hiarsmaí seanphlandaí ag Ráth an Bháthaigh a fhiosrú, bunaíodh straitéis maidir le sampláil ithreach i rith na tochailte, le treoir trí phlé idir an fhoireann tochailte agus na saineolaithe gaolmhara. Pléadh an tionscnamh go mion arís nuair a thosaigh na hanailísí iar-thochailte, chun fosuithe a aimsiú arbh fhéidir leo eolas a thabhairt. Bhíothas in ann difríochtaí spáis agus ama in úsáid arbhair ag Ráth an Bháthaigh a fhiosrú tríd an chur chuige seo, agus bhíothas ábalta gnéithe plandaí gearrshaolacha a aisghabháil fá choinne dhátú radacharbóin fosta.

Coimeádadh na hiarsmaí arbhair uilig faighte i bhfosuithe ag Ráth an Bháthaigh mar gheall ar dhúloisc. Is féidir gur tháinig na harbhair i dteagmháil le tine nuair a bhí siad á dtriomú roimh stóráil, nó mar



Blúirí tuí meilte de speilt dhúloiscithe ó Ráth an Bháthaigh- bhí an tuí mheilte seo greamaithe de na gráinní ag a bun. Ag an bharr, ar clé: forc spicín; ag an bharr ar dheis agus thíos: bunanna glúma. (Grianghraf: Meriel McClatchie)



Gráinní dúloiscithe féideartha speilt ó Ráth an Bháthaigh. (Grianghraf: Meriel McClatchie)

chuid de ghíomhaíochtaí cócaireachta nó ullmhúchán bia. Faightear dúloisc i rith loiscnigh nuair nach bhfuil an soláthar ocsaigine mór go leor le dó a bheith ann agus athraítear an t-ábhar planda go carbón ceimiceach támh. Má tá sé dúloiscithe, is féidir le grán arbhair agus tuí mheilte

maireachtáil sa talamh ar feadh na mílte bliain.

Ag athrú roghanna barr

Fuarthas an fhianaise ní ba luaithe le hiarsmaí arbhair ag Ráth an Bháthaigh taobh istigh de chlaiseanna Neoiliteacha



Speilte bhainte. (Grianghraf: Meriel McClatchie)

agus Luath-Chré-Umhaoise (c. 2400–1600 RCh) ina raibh méid beag de ghrán cruithneachta. Bhí méid beag de ghrán arbhair ón Luath-Chré-Umhaois go dtí an Chré-Umhaois Dhéanach (c. 1600–600 RCh) i gclais chréamtha, ag seasamh d'ábhar bia gaolta le deasghnátha adhlactha, b'fhéidir. Bhí líon i bhfad níos mó d'iarsmaí arbhair i bhfosuithe Iarnaoise (c. 600 RCh–450 AD) ag an suíomh. Fuarthas grán cruithneachta agus eorna i réimse gnéithe, áitheanna triomaithe, struchtúr pailise agus díog fháinneach ina measc. Bhí lear mór iarsmaí arbhair i bhfosuithe luath-mheánaoise, ach tugadh níos mó tábhachta do choirce mar bharr ag an am seo, le codanna níos lú de chruithneacht agus eorna. Méadaíodh réimse barr a taifeadadh ag Ráth an Bháthaigh nuair a fuarthas síol lín in áith thriomaithe luath-mheánaoiseach.

Fionnachtain shuntasach de speilt

B'fhéidir gurbh é an rud ba shuntasáí a raibh fáil air ag Ráth an Bháthaigh ná fionnachtain fhosuithe cruithneachta móra in dhá áit dhifriúla ar an suíomh. Bhí cúpla céad gráinne cruithneachta, cuid mhaith acu cosúil le speilt i bpoll poist in áit a raibh gníomhaíocht Iarnaoise. Deimhníodh gur speilt a bhí ann mar gheall ar aitheantas tuí meilte atá gaolta leis, rud a léiríonn níos cinnte go bhfuil saghasanna cruithneachta ann. Fuarthas níos mó ná 150 gráinne speilte, chomh maith le lóchán speilte, in áith T-chruthach áit éigin eile ar an suíomh.

Sa chás seo, tugadh dátú radacharbóin den tréimhe idir an Iarnaois agus an Luathmheánaois do na gráinní. Bhí ceann de na bailiúcháin speilte is mó a fuarthas ar shuíomh seandálaíochta in Éirinn riamh sna gnéithe seo. Faightear bailiúcháin den méid céanna níos minice ag suímh Iarnaoiseacha agus ag suímh Rómhánacha sa Bhreatain.

Mar phointe spéise, taifeadtar ceann de na gnéithe seandálaíochta ag Ráth an Bháthaigh ina bhfuil speilt—an áith T-chruthach—níos minice sa Bhreatain Rómhánach fosta, rud a léiríonn, b'fhéidir, ceangail trasna Mhuir Éireann ag an am seo.

Tá caitheamh speilte ag teacht ar ais beagán le blianta beaga anuas. Cé go bhfuil gaol idir speilt agus cruithneacht aráin, bíonn táirgí bia speilte próiseáilte níos lú go minic ná mar a bhíonn táirgí chruithneacht aráin, rud a mhíníonn, b'fhéidir, go smaointear gur 'bia sláinte' is mó an speilt. Is féidir le speilt cur suas le hithreacha níos boichte agus le córais bhainistíochta nach bhfuil chomh trom sin ná mar is féidir le cruithneacht aráin choiteanta, rud a fheictear i méadú shaothrú speilte i measc curadóirí orgánacha. Tá difríocht thábhachtach sa dóigh a scartar na gráinní ón tuí mheilte i ngach cás. Is cruithneacht shaorbhuailte í cruithneacht aráin, agus tá sé éasca í a scaradh ón tuí timpeall uirthi. Os a choinne sin, is cruithneacht scamhta í ina bhfuil a tuí greamaithe go daingean ag gráinní an speilt

Bhí ceann de na bailiúcháin speilte is mó a fuarthas ar shuíomh seandálaíochta in Éirinn riamh sna gnéithe seo.

agus mar sin de, tá sé níos deacra í a bhaint. Cé gur cuireadh cuid mhaith ama isteach ag roiseadh crotal san am a chuaigh thart, cosnaíonn tuí speilte na gráinní sa ghort agus nuair atá siad á stóráil, ag cur bac úsáideach ar dhamáiste ó uisce agus ó fheithidí. Léiríonn an fhianaise sheandálaíochta gur tháinig speilt go hÉirinn i rith na Cré-Umhaoise, cúpla míle bliain i ndiaidh teacht cineálacha cruithneacht scamhta eile, mar shampla, *emmer*. Is dócha gur baineadh úsáid as speilt ar dhóigheanna éagsúla san am a chuaigh thart, táirgí bia ina measc—in arán, mar shampla, chomh maith le grúdaireacht agus b'fhéidir fodar ainmhithe.

Conclúidí

Thug tochailt ag Ráth an Bháthaigh léargas iontach ar an traidisiún fada d'fheirmeoireacht arbhair i gContae Chill Chainnigh. Ba nós leis na pobail réamhstairiúla san áit seo aire a dhíriú ar tháirgeadh cruithneachta agus eorna, ach tharla aistriú go saothrú coirce i rith ré na luathmheánaoise. Tá fionnachtain mhéid mór iarsmaí speilte ag Ráth an Bháthaigh tábhachtach, mar go dtugann sí fianaise nua leis an úsáid a rinneadh den chineál arbhair seo na mílte bliain ó shin.

3,000 bliain de ghníomhacht dhaonna

Tá Ráth an Bháthaigh (Béarla: Baysrath) ar rian an mhótarbhealaigh nua N/9N10 i gContae Chill Chainnigh, díreach ar an taobh thiar de Chnoc an Tóchair, áit lonnaithe mhainéarach fosta. Bhí gníomhaíocht dhaonna ar an suíomh ar feadh níos mó ná 3,000 bliain, agus coimeádadh iarsmaí ansin ó na chéad fheirmeoirí go dtí gur tháinig na Normannaigh. D'fhorbair gníomhaíocht ag Ráth an Bháthaigh ó lonnú agus adhlacadh ó am go ham go seilbh bhuan taobh istigh de thithe adhmaid ciorclacha láidre, agus níos moille, clós pailise, agus faoi dheireadh, lios.

Léirigh an trácht mór a tochlaíodh pictiúr leathan de stíl bheatha ina raibh an fheirmeoireacht lárnach, le 19 áith ar leith chun arbhar a phróiseáil, agus 10 foirnéis chun uirlisí a dhéanamh agus a dheisiú. Bhí stoc ar an láthair a bhí srianta ag díoga agus fáil adhmaid. Insíonn forbairt na teorannacha seo, agus comtháthú na pailise agus an leasa a tháinig ina diaidh, scéal faoi áit lonnaithe agus tírdhreach a bhí ag fabhrú, coimeáda trí líne chlaise na hIarnaoise—teorainn bhaile fearainn anois—a ritheann tríd an suíomh.

Chuir na sinsir faire ar an phobal seo a bhuaileadh leo faoi dheireadh trí dheasghnátha créamtha agus níos moille trí dheasghnátha adhlacadh talún, le suaimehnas a ghlacadh i gcoimpléasc de chlaisí fáinneacha agus reilig líneach ar imeall an áit lonnaithe.

Bhí an áith T-chruthach a raibh speilt inti comhaimseartha le hathrú deasghnátha ó chréamadh go hadhlacadh talún, rud a léiríonn tréimhse chlampaí, le forleathadh na Críostaíochta agus meath na hImpireachta Rómhanai. D'fhan an pobal ansin go socair, agus iad ina gcónaí ar an suíomh céanna ina mhair a sinsir san Iarnaois luath, agus bhain siad úsáid as an reilig shinsearach chéanna. Ach tháinig athrú faoi dheireadh, toisc go raibh clós pailise de dhíth, agus tháinig lios ina dhiaidh sin, agus b'fhéidir gur tréigeadh an áit lonnaithe ag Ráth an Bháthaigh nuair a mhéadaigh an tionchar a bhí ag Cnoc an Tóchair Normannach.

John Channing, Stiúrthóir Tochailte, Valerie J Keeley Teo.

Plean de na Gnéithe tochairte ag Ráth an Bháthaigh, Co. Chill Chainnigh. (Líníocht: Valerie J Keeley Teo)




Radharc aerga ar ghnéithe tochairte ar an taobh thuaidh den suíomh ag Ráth an Bháthaigh, ag léiriú fianaise le gníomhaíocht sheandálaíochta ar feadh na mílte bliain. Is díog fháinneach na hIarnaoise é an clós ciorclach mór, ina raibh clais na Cré-Umhaoise agus díog fháinneach inmheánach (ar dheis den taobh istigh), agus áitheanna triomaithe ón Iarnaois go dtí an Luath -Mheánaois (ar clé den taobh istigh). Is féidir cuid mhaith uaigheanna ón Mheánaois a fheiceáil faoin díog fháinneach Iarnaoiseach. (Grianghraf: AirShots Teo)

Talamh imeallach

Léiríonn fionnachtana a rinneadh ar na mallaibh ar Sheachróid N5 Bhealach an Doirín i gContae Ros Comáin go raibh daoine sa cheantar ón luath-réamhstair.

Le Shane Delaney, seandálaí sinsir le Comhairle Sheandálaíochta na hÉireann Teo

Idir mí Lúnasa agus Deireadh Fómhair 2010 rinne Irish Archaeological Consultancy Teo (IAC Teo) tástálacha agus tochailtí ar rian Sheachróid Bhealach an Doirín fad 13.6 km, ar an taobh thuaidh de Bhealach an Doirín, Co. Ros Comáin. Téann an scéim bhóthair trí na bailte fearainn seo a leanas (soir aniar): Corr an Átha, Caiseal Ceoláin, Bothailios, Tóin re Gaoith, Bocach, Baile Uachtair. Tochlaíodh ceithre áit déag ar an bhealach agus stiúir na seandálaithe James Kyle, David Bayley agus Tom Janes na tochailtí.



Déantáin chloiche ó Sheachróid Bealach: (ag an bharr) scríobán breocloiche agus corplár dépholar ó Bhaile an Phoill 1, (ag an bhun, ar clé) scríobán breocloiche le ceann cuasach agus dronnach ó Bhrocach 3 agus (ag an bhun, ar dheis) corplár ceirte dépholar ó Taobh Breacán 1. (Líníocht: Alva Mac Gowan, IAC Teo)

Na suímh

Bhí an fhianaise sheandálaíochta ba luaithe a athníodh ar an seachróid ag Taobh Breacán 4. Anseo, ar thalamh sách réidh ar an taobh thuaidh de craobhabhainn den abhainn Long, tochlaíodh sraith chlaiseanna agus poill poist. Ní raibh patrún suntasach ar bith acu ach is dócha go raibh baint acu le gníomhaíocht taobh thiar de rian an róid. Míníodh gur theallaigh iad cuid de na claiseanna mar gheall ar an chre rualoiscthe agus na collchnónna a bhí iontu. Fuarthas criadóireacht réamhstairiúil ón suíomh fosta agus blúirí de dhá bhabhla chairíonacha (a d'aithnigh an saineolaí ar chriadóireacht réamhstairiúil, an Dochtúir Eoin Grogan) a bhfuil dáta curtha orthu ón tréimhse Luath- Neoiliteach (3900–3500 RCh).

Aithníodh níos mó claiseanna agus teallach ar an bhealach síos an craobhabhainn ar an taobh ó dheas (Taobh Breacán 1) agus thug gualach ó na gnéithe seo dátaí radacharbóin ó 2861–2576 RCh cailibrithe go 2113–1900 RCh cailibrithe. Thug an suíomh seo roinnt bheag de mhíreanna seirte agus breocloiche a táirgeadh ag baint úsáide as teicneolaíocht ardáin agus teicneolaíocht dhépholach. Dóigheanna éagsúla scealpa a chruthú le mionathrú chun uirlisí a dhéanamh atá sna teicnící seo; i dteicneolaíocht ardáin déantar ardán ar chorplár breocloiche



ullmhaithe agus buailtear é le scealpa a chruthú ach ina choinne sin, déantar scealpa dépholacha ag tarraingt buille anuas ar chorplár curtha ar inneoin chloiche agus cruthaíonn an t-iombualadh scealpa ón dá cheann. De réir cosúlachta, níor léirigh an bailiúchán go ndearnadh uirlisí ar an suíomh féin ach stóráil uirlisí críochnaithe i gclaiseanna/poill phoist a bhí i gceist.

Is dócha go bhfuil foinse na ceirte áitiúil, ach bheadh sé de dhíth breochloch a thabhairt isteach, mar acmhainn nach raibh ar fáil sa cheantar arbh ea í.

Aithníodh suíomh Neoiliteach eile ar an taobh thoir den seachróid ag Baile an Phoill 1. Fuarthas dáta radacharbóin 2460–2150 RCh cailibrithe ó



Radharc ardaithe ar dhá thrach Chré-Umhaoiseacha le clúdach adhmaid faoi charn de chloch dhóite ag Brocach 4. (Grianghraf: AirShots Teo)

bhlaoscanna colchnónna dúloisthe ó ghné chuarlíneach aithnithe ar an suíomh. Chuaigh marcanna céachta agus claiseanna trasna an limistéir ar fad agus bhí sé soiléir gur teascadh go trom é ar na mallaibh. Is dócha gurb iarsmaí shuíomh áit lonnaithe atá sna fosuithe seo, a bhí suite ar imeall bogaigh thanaí de réir dealraimh. Léiríonn bailiúchán uirlisí cloiche a fuarthas anseo gníomhaíocht sa tréimhse Neoiliteach/sa Chré-Umhaois, toisc gur baineadh úsáid as teicneolaíocht ardáin agus teicneolaíocht dhépholar, chomh maith le brúscealpadh, agus taispeánann sé déantús uirlisí cloiche ar an suíomh seo, is cosúil. Baineadh úsáid as brúscealpadh le huirlisí a dhéanamh agus le faobhair níos míne nó faobhair fhiachlacha a chruthú agus rinneadh é trí brú a chur ón cheann chaol d'uirlis déanta d'adhmaid, de bheann nó de chnámh ar fhaobhar sceilpe nó lainne le mionathrú a dhéanamh air chun é a úsáid mar uirlis.



Iarsmaí de thrach ón Luath Chré-Umhaois le clúdach adhmaid ag Brocach 2. (Grianghraf: James Kyle, IAC Teo)



Ag taifeadh ceann de na trachanna le clúdach adhmaid ag Bocach 4. (Grianghraf: AirShots Teo)

Tochlaíodh seacht gcarn dhóite i mbaile fearann Bocach. Fuarthas iad ar thalamh imeallach idir bogach agus fána níos tirime ó thuaidh. Bhí siad uilig suite ar an imlíne chéanna a bheag nó a mhór 150 m os cionn leibhéal na farraige. Go ginearálta, aithníodh iad mar chairn le cruth duáin de chloch briste ina smionagar le teas, fuíoll ar baineadh úsáid as le huisce a théamh i dtrachanna dronuilleogacha gaolmhara, le clúdach adhmaid i gcásanna áirithe.

Ag Bocach 1, roghnaíodh fearnóg chun clúdach adhmaid a chur ar an trach, agus baineadh úsáid as dair, coll agus cuileann mar chuaillí. Is féidir gur roghnaíodh fearnóg d'aon turas mar gheall ar a cailíochtaí uiscédhíonacha. Bhí réimse 1489–1317 RCh cailibrithe go 1299–1059 RCh cailibrithe ag an suíomh. Fuarthas trach adhmaid fosta ag Bocach

2, agus léirigh anailís a rinne an saineolaí ar adhmad, Ellen O'Carroll, fianaise ó rianta uirlisí gur baineadh úsáid as cuid mhaith ceann tua, cinn le lann chaol ina measc, chun an t-adhmad a oibriú. Bhí dáta 1900–1740 RCh cailibrithe ag an suíomh seo.

Aithníodh trí charn dhóite ag Bocach 3. Bhí trachanna gan chlúdach le feiceáil go soiléir in dhá cheann acu, ach bhí an chuid ba mhó den tríú carn taobh amuigh de rian an bhothair. Comhthromaíodh na cairn ar na mallaibh de réir cosúlachta: léiríonn clais a théann trasna an tsuímh tréimhse inar saothraíodh agus inar briseadh an talamh. Thug gualach ó charn amháin dáta radacharbóin 1208–1012 RCh cailibrithe. Léiríonn bailiúchán breochloiche beag ón bharr-ithir gur tharla scoilteadh sa cheantar (briseadh nó smíodadh cloiche le buillí crua chun uirlisí a dhéanamh) níos moille sa réamhstair.

Aithníodh trí thrach le dhá charn dhóite ghaolmhara ag Bocach 4. Chuir an carn ba mhó séala ar thrach maith láidir agus sistéal nó clais a raibh baint aige leis, de réir cosúlachta. Gaolmhar leis seo, is dócha, ach ar ionad níos airde, bhí trach eile agus clais. Bhí séala ar an tríú trach faoi charn ar an taobh thiar theas. Roghnaíodh fearnóg, coll, saileach agus dair chun na trachanna a léineáil agus fuarthas réimse dáta 2461–2209 RCh cailibrithe ón adhmad.

Aithníodh trí charn dhóite a bhí an-chóngarach dá chéile ar an taobh theas den abhainn Long-ceann amháin ag Banada agus dhá cheann ag Caol Bhanada. Bhí séala ar dhá thrach faoi charn ag Banada1. Tógadh bonn an trach ba thábhachtaí ag baint úsáide as cláir dhaire agus fhuinseoige, dhá phíosa adhmaid chruinne scoilte, agus cuaillí fuinseoige agus coill. Thug an suíomh dáta 2009–1771 RCh cailibrithe. Ba shíneadh dóite é Caol Bhanada—fosú ina raibh carn dóite corraithe. Bhí cruth garbh chrú capaill ar an síneadh tanaí d'ábhar briste ina smionagar ag an teas, agus ní bhfuarthas fianaise le trach, teallaigh, nó gnéithe gaolmhara. Thug sé dáta 2018–1774 RCh cailibrithe. Ba charn dóite saothraithe go



Garamharc ar thrach ag Bocach 4. (Grianghraf: James Kyle, IAC Teo)



Radharc ardaithe ar na claiseanna meánaoiseacha tochailte ag Toobracken 1, in aice le lios. (Griaghráf: AirShots Teo)

Ba ghnéithe tábhachtacha ar an tírdhreach iarmheánaiseach tuathúil iad na háitheanna aoil.

trom é Caol Bhanada 2 agus bhí dhá thrach gan chlúdach agus dhá chlais ann. Thug sé dáta 1979 RCh cailibríthe.

Léirigh suíomh ag Taobh na Craoibhe 1 dhá ghné claiseanna; bhí an dá cheann éadomhain agus bhí gualach iontu. Bhí cnámha ainmhithe dóite i gclais amháin agus tugadh dáta na Iarnaoise dó: 20–220 AD cailibríthe. B'fhéidir gur baineadh úsáid as mar fhlucht aon uair amháin. Ní bhfuarthas rud ar bith eile áit ar bith ar an suíomh.

Aithníodh fulacht meánaoiseach féideartha, dáta 1048–1218 AD cailibríthe, ag Taobh Breacán 3. Bhí an chlais 1.4 m trasna agus 0.2 ar doimhne agus bhí clocha briste ag an teas agus cré ina raibh a lán gualaigh inti. Bhí sí iargúlta go leor; fuarthas fianaise le háit lonnaithe mheánaoiseach sa tírdhreach níos leithne, díoga meánaoiseacha ina measc (1023–1155 AD cailibríthe) ag Taobh Breacán 1, thart faoi 600 m ag dul soir ó dheas. Tochlaíodh na claiseanna seo in aice le lios aitheanta agus is féidir go léiríonn siad gníomhaíocht taobh istigh de chóras páirceanna gatha láithreach an tsuímh sin.

Ba ghnéithe tábhachtacha ar an tírdhreach iarmheánaiseach tuathúil iad na háitheanna aoil. Baineadh úsáid astu chun aol a fháil ó aolchloch, as ar baineadh úsáid san fheirmeoireacht le torthúlacht na hithreach a mhéadú agus san fhoirgníocht do mhoirtéal agus aoldath. Taispeántar cuid mhaith acu i léarscáileanna luaithe an cheantair seo. Tochlaíodh sampla d'áith tógtha le cloch thirim le cruth pholl eocrach ag Bocach 6. Cé nach dtaispeántar an áith seo sa chéad eagrán de léarscáileanna Shuirbhéireacht Ordanáis 6 orlach, tá sé áith a bheag nó a mhór feadh na mbóithre áitiúla, ag dul ó thuaidh agus siar ó thuaidh ón suíomh. Tógadh áitheanna aoil agus baineadh úsáid astu go forleathan i rith



Radharc ardaithe ar áith aoil le cruth pholl eocrach, a tógadh le cloch thirim ag Bocach 6. (Griaghráf: AirShots Teo)

an ochtú haois déag agus an naoú haois déag, nuair a bhí na húinéirí talún ag iarraidh a dtalamh a fheabhsú ach tréigeadh cuid mhaith de na háitheanna mionscála seo mar gheall ar an bhorradh tionsclaíochta sa naoú haois déag.

Conclúid

Chuaigh an chuid seo den N5 trasna talaimh bhoicht imeallaigh, a bhí bogach den chuid ba mhó. Léirigh na tochairtí cairn dhóite Chré-Umhaoiseacha a rinneadh d'aon turas ar imeall bogach le bheith ábalta an maoschlár ard a shroicheadh. Is féidir go bhfuil fianaise le lonnú don tréimhse seo taobh thiar de rian an bhóthair ar na fánaí ar a bhfuil sruthchóras níos fearr. Nuair a thrasnaigh an bóthar talamh le sruthchóras níos fearr, thug sé fianaise a bhí píosáilte, áfach, le gníomhaíocht agus lonnaíocht sa Ré Neoiliteach, san Iarnaois agus sa Mheánaois, rud a taispeánann go raibh lonnaíocht sa cheantar seo de Ros Comáin ón réamhstair luath.



Áitheanna Chill na Cranncha

Aithníodh sraith spéisiúil d'áitheanna le harbhar a thriomú atá bainteach le háit lonnaithe iata ag Cill na Cranncha, Co. Tiobraid Árann, ar an Mhótarbhealach M7.

Le Colm Moloney, Ardstiúrthóir le Headland Archaeology (Ireland) Teo

Bhí Suíomh 1, Cill na Cranncha, suite ar thalamh arúil os cionn an Abhainn Cill Mhac Stola, faoi scáth Shléibhte Bhéal Átha Gabhann i dTiobraid Árann Thuaidh. Léirigh tochairtí roimh thógáil an mhótarbhealaigh M7 an tAonach-

Luimneach suíomh casta a bunaíodh i rith na hidirthréimhse idir deireadh na hIarnaoise agus tús na ré luath-mheánaoise. Ag an tús, bhí áit lonnaithe iata amháin ann (Céim 1) ina raibh pobal feirmeoireachta measartha saibhir. Is dócha gur atógadh an áit lonnaithe



Radharc ardaithe ar Shuíomh 1, Cill na Cranncha, Co. Thiobraid Árann, i rith tochairtí. (lomhaí: Headland Archaeology (Ireland) Teo)

i rith an seachtú haois chun áiteamh níos casta le 'clós dúbailte' a chruthú (Céim 2), rud a léiríonn, b'fhéidir, claonta nua in ailtireacht dhúchasach, agus léiríonn seo b'fhéidir, athrú sa timpeallacht shóisialta agus pholaitiúil. Tréigeadh an t-áiteamh ag Cill na Cranncha roimh an naoú haois, de réir cosúlachta.

Aithníodh seacht n-áith ar fad idir Céim 1 agus Céim 2; scríosadh ceann acu nuair a tógadh áith eile níos moille. Coimeádadh na sé áith a fágadh go maith, áfach, agus ligeann siad dúinn comparáid a dhéanamh idir an cruth agus feidhmiú áitheanna na luath-mheánaoise sa cheantar. Tá áitheanna le cruth thromán lúith agus cruth pholl


of early medieval kilns in the locality. Both dumb-bell and keyhole-shaped kilns are represented in Phases 1 and 2 and it is likely that the same general technology was available to the inhabitants of the area throughout the early medieval period. It is striking how much variety there is between the various kilns, all of which are believed to have served as cereal-drying kilns.

The orientation of the kiln and location of the chamber would have been key factors in controlling its efficiency through the control of draught and the movement of hot air along the flue.

All the excavated examples comprised a flue and bowl (the drying chamber). Both of the Phase 1 kilns (467 and 867) and one of the Phase 2 kilns (147) were aligned north-east/south-west. The flues for kilns 147 and 867 had the bowls at the north-east, while kiln 467 had the bowl on the south-west side. The remaining Phase 2 kilns were all aligned north-west/south-east, with the bowls on the north-west. This same axis of alignment was also noted for kilns excavated at the nearby settlement site in Gortybrigane. Flues varied in length from 1.2 m to 6m, with an average of 3.4 m. A definite fire spot was identified in kiln 1334, but fire spots were less obvious in the other kilns.

The orientation of the kiln and location of the chamber would have been key factors in controlling its efficiency through the control of draught and the movement of hot air along the flue. The local prevailing wind direction is from the south-west, which would suggest that more intense heat was required for kilns 147 and 867; moderate heat was required for kilns 1031, 1334 and 1414. The flue for kiln 467 was constructed to face away from the prevailing wind, which may indicate that very low temperatures were required for the process involved; a fact that is supported by the use of timber as an internal superstructure for the drying chamber.

The kilns excavated at Kilnacranra Site 1 and on other sites along the M7 have added significantly to the body of evidence for early medieval cereal processing in the locale. Further information about these kilns will be published in a forthcoming monograph about the archaeology of the M7 motorway.



Plans of six of the seven cereal-drying kilns identified at Kilnacranra Site 1.



Kiln 147 during excavation. ►

Tírdhreach Meánaoiseach

Tugann fionnachtain áitimh meánaoisigh sa Cheapach, Co. Loch Garman deis iontach le scrúdú a dhéanamh ar ghné neamhchoitianta den aistriú Angla-Normannach in Éirinn.

Le James Hession, Stiúrthóir Tochailte le Headland Archaeology (Ireland) Teo



Radharc ardaithe ar áitreabh meánaoiseach ag An Cheapach 2A, Contae Loch Garman, ag amharc soir. (Grianghraf: AirShots Teo)


Rinneadh roinnt fionnachtana seandálaíochta iontacha i rith thastáil réamhthógála ar Sheachród Ros Mhic Thriúin N25 sa bhliain 2010 (féach *Seanda*, Eagrán 5 [2010] 36–7). I measc na bhfionnachtana bhí áiteamh meánaoiseach, ón 12ú haois mhall go dtí an 13ú haois, aimsithe sa bhaile fearainn An Cheapach, 3.5 km. ó dheas ó Ros Mhic Thriúin. Áit lonnaithe gan chosaint le tréithe de chlós neamhleanúnach ina raibh cúig struchtúr a bhí sa suíomh, ar a dtugtar An Cheapach 2A.

Bhí an spás iata, 37 m siar/aniar faoi 25 m ó dheas aduaidh, fodhronuilleogach. Cuireadh

teorainn ar an taobh theas le díog chuarach thart timpeall air, agus ar an taobh ó thuaidh le díog soir/aniar a bheag nó a mhór. Léiríonn an réamhfhianaise gurbh é áit lonnaithe phleanáilte an t-áiteamh, agus go raibh na cúig struchtúr comhaimseartha. Ba fhoirgneamh le saileana adhmaid é Struchtúr 1, le díon fóid nó ceann tuí, b'fhéidir. Bhí sé dronuilleogach agus de réir cosúlachta, bhí dhá sheomra ann-spás maireachtála ar an taobh thiar, ina raibh teallach lárnach dúbailte, agus bótheach ar an taobh thoir. Mar sin, bhí sé de shórt cosúil leis an teach fada Angla-Normannach agus tuigtear gurbh é an foirgneamh teaghlach den áiteamh.

Aimsíodh bótheach (Struchtúr 2) le ballaí dóibe agus díon fóid, nó ceann tuí, ag dul ó dheas ó Struchtúr 1 agus aithníodh gné chiorclach (Struchtúr 3) ag dul siar ó Struchtúr 1 agus Struchtúr 2.

Bhí tréithe de láthair tógála dhronuilleogach cosúil le Struchtúr 1 maidir le méid ginearálta, ach le cruth difriúil, i Struchtúr 4. Cé nár roinneadh é i seomraí maireachtála agus bóthithe de shórt éigin, bhí an spás taobh istigh roinnte in dhá áit ar leith ina raibh gníomhaíochtaí. Bhí an phríomhái ar an taobh ó dheas den láthair le trinse sliotáin



Plean An Cheapach 2A, ag léiriú na struchtúir is tábhachtaí taobh istigh den áitreabh meánaoiseach. (Líníocht: Headland Archaeology (Ireland) Teo)

dhronlíneach. Aithníodh sraith poll poist agus poll cuailí taobh istigh den limistéar seo fosta, agus taispeánann sé go raibh foirgneamh adhmaid ann, le bíoma taisí, agus le bealach isteach le póirse, b'fhéidir. Bhí aghaidh an fhoirgnimh ar an dara spás gníomhaíochta suite ar an taobh ó thuaidh, agus seans go raibh banrach ann nó spás oscailte a raibh baint aige leis an struchtúr le díon a aithníodh ar an taobh ó dheas. Ní raibh fianaise le teallach i gceann ar bith den dá áit. Aithníodh fortheach beag dronuilleogach ar an taobh ó dheas agus tuigtear go raibh bótheach nó cró muc ann. D'fhéadfadh sé gur chró ainmhithe é an cúigiú foirgneamh a aithníodh ar an taobh thoir de Struchtúr 4.

I rith na tochairte, fuarthas 1,353 blúire potaireachta mheánaoiseacha, a d'aithnigh an saineolaí ar chriadóireacht, Clare McCutcheon go sealadach mar ábhar cócaireachta Chúige Laighean agus ábhar áitiúil de shórt Loch Garman. Tá ceithre lampa ola chríochnaithe sa bhailiúchán, cria-earraí cócaireachta Chúige Laighean, bunaithe ar lampaí cloiche meánaoiseacha le grátaí solais. Fuarthas lampaí ola ó struchtúr 1 agus Struchtúr 3, chomh maith le dhá lampa níos lú i ngnéithe a bhfuil baint acu le Struchtúr 4.

Taispeánann an chéad scrúdú ar an bhailiúchán potaireachta go raibh daoine lonnaithe san fheirm tamall-tuathaigh Shasanacha a raibh baint acu le coilíneacht Angla-Normannach cheantair Ros Mhic Triúin i rith an naoú haois, is dócha. Tá tuilleadh anailíse sonraithe ar na fionnachtana agus na samplaí timpeallachta de dhíth, chomh maith le dátú eolaíoch na n-eochairghnéithe, chun an hipitéis seo a chruthú agus chun léargas a thabhairt ar

stádas socheacnamaíoch an áitimh. Táthar ag súil go mbeidh míniú cinnte ar an suíomh ar fáil nuair a chríochnóidh an anailís iarthochailte.

Tá fianaise le háitimh Angla-Normannacha an-ghann, fiú taobh istigh de Chontae Áth Cliath, Contae Chill Dara agus Contae na Mí, áiteanna a bhfuil tuiscint níos fearr ar an phatrún lonnaithe. Go dtí le fíorghairid, ní raibh a lán eolais ar fáil ar an phróiseas coilíneachta taobh amuigh de na lárionaid uirbeacha is tábhachtaí i gContae Loch Garman. Cuireann fionnachtain an áitimh sa Cheapach leis an léiriú níos leithne d'áitriú Angla-Normannach i gContae Loch Garman agus sa cheantar thoir theas, agus cuireann sí fosta le cuid mhaith struchtúr meánaoiseach tuaithe a fuarthas ar scéimeanna bóthair, mar shampla, tithe tochairte ag Muine Croise Uachtarach, agus Móin na Draioile agus Buiríos Léithe i gContae Thiobraid Árann. Tugann suímh mar seo deis iontach an ghné neamhchoitianta seo d'áitriú Angla-Normannach in Éirinn a scrúdú.



Radharc lár tochairte ar Struchtúr 1, ag amharc siar ó thuaidh. (Grianghraf: Headland Archaeology (Ireland) Teo)



Radharc ardaithe ar theach meánaoiseach tochairte ag Holger Schweitzer ag Muin na Croise Uachtarach, Contae Loch Garman ar an Cheangal Guaire – An tInbhear Mór. (Grianghraf: John Sunderland)

Is obair gan chiall í tochailt struchtúir dhúchasacha (foirgnimh tógtha ag baint úsáide as ábhair áitiúla agus stíleanna ailtireachta áitiúla) den tréimhse iarmheánaiseach nó den tréimhse luathnua-aimseartha (thart fá 1650–1850) de réir seandálaíthe agus oibrithe oidhreachta áirithe. Tá sé deacair do chuid mhaith acu an fáth a dtocláítear na suímh thochailte nuair atá taifid stairiúla, léarscáileanna, agus pictiúir ann agus nuair is féidir ballóga ón tréimhse sin a fheiceáil, scaipthe ar fud an tírdhreacha. Níl an t-eolas taifeadta seo chomh cuimsitheach nó chomh forleathan agus a shílfeá, agus is minic nach dtaifeadtar ar chor ar bith cén áit a bhfuil na struchtúir seo, nó an bhfuil siad ann fiú.


Ba thréimhsí achrannacha iad na tréimhsí iarmheánaiseacha agus luathnua-aiseacha in Éirinn, inar tharla imeachtaí lárthábhachtacha: an Gorta Mór, an Réabhlóid Thionsclaíoch, an Réabhóid Thalmhaíochta agus coimhlintí agus ceannaircí pobail. Bheadh tionchar ollmhór ag na himeachtaí seo ar an tírdhreach agus ar na daoine a bhí ina gcónaí ann, agus feictear seo go minic san fhianaise sheandálaíoch. Bíonn spéis mhór i gcónaí sa tréimhse seo ag na gnáthdhaoine, agus go háirithe acu siúd atá ina gcónaí in aice leis an suímh tochailte, áiteanna a raibh a sinsir ina gcónaí, b'fhéidir. Nocht tochailtí a rinne Headland Archaeology (Ireland) Teo ar na mallaibh roimh thógáil an mhótarbhealaigh M17 Gaillimh (Ráth Mhuirise)–Tuam sraith struchtúr iarmheánaiseach agus struchtúr luathnua-aimseartha, clóis agus bóithre gaolmhara sna bailte fearainn Eanach, Cnoc Eanaigh agus Cill Scéithe.

Eanach

Bhí ballóga trí theach cloiche dronuilleogacha ag an suíomh ag Eanach, suite díreach ag dul ó thuaidh ón bhóthar N63 atá ann faoi láthair, agus leath bealaigh idir Tuam agus Baile Átha an Rí. Bhí gaol soiléir idir dhá cheann acu (Struchtúr 1 agus 2) agus bhí siad curtha le chéile i gcruth L. Bhí fianaise le dromchla pabháilte le duirleoga taobh amuigh de na tithe, agus is féidir gur chlóis taobh amuigh iad nó dromchla bóthair, b'fhéidir réamhtheachtair an N63 nua-aimseartha fiú, a tógadh anuas air faoi dheireadh. Bhí an tríú teach (Struchtúr 3) suite thart fá 75 m ag dul siar ó dheas ó na tithe seo sa pháirc chéanna.

Tógadh na tithe ar dhóigh ar a dtugtar an stíl thraidisiúnta dhúchasach. Bhí trí sheomra sna struchtúir go ginearálta agus bhí croíthe spallaí táite le moirtéal ag na ballaí le foraghaidh chloiche cóirithe go garbh (istigh agus amuigh). Bhí teallach i gceann de na crosbhallaí taobh istigh go coitianta. Bhí sraithe moirtéil nó duirleoga beaga (mar a bhí sna samplaí tochailte anseo), nó cré bhuailte, mar dhromchla ar na hurláir.

Bhí trí sheomra i gceann de na tithe sa leagan amach le cruth L, agus bhí iarsmaí teallach le feiceáil sna ballaí taobh istigh. Bhí dhá sheomra sa teach gaolmhar, cé gur aimsíodh síneadh cloiche (stóras, b'fhéidir) ag ceann an fhoirgnimh le haghaidh ó thuaidh. Bhí trí



Plean de na struchtúir 1 agus 2 ag Eanach1, Contae na Gaillimhe. (Na hiomhaí uilig: Headland Archaeology (Ireland) Teo)

Tithe ligthe i ndearmad agus sráidbhailte cailte

An fiú struchtúir dhúchasacha iarmheánaiseacha agus luathnua-aiseacha a thochailt?


Le Liam McKinstry, Mary Healy agus Noirín Hurley ó Headland Archaeology (Ireland) Teo

sheomra sa tríú teach chomh maith, (cé go raibh iarsmaí shíneadh cloiche le feiceáil anseo fosta) agus bhí teallach amháin ann.

Fuarthas roinnt fionnachtana i rith na tochailte le dáta ón 18ú haois nó ón 19ú haois de réir cosúlachta. Bhí píosaí potaireachta gan áireamh

ann, píopaí cré briste, airtéagail mhiotail agus ábhar tógála, mar shampla, brící, tairní iarainn, agus tileanna dín slinne.

Ní raibh na hiarsmaí le feiceáil os cionn dhromchla an talaimh, agus nuair a nochtadh iad i rith na tochailte, ní raibh siad níos airde ná dhá chúrsa os cionn na bunsraithe. Chuir na



Plean de Struchtúr 3 ag Eanach 1.

fionnachtana iontas ar mhuintir na háite agus ar na húinéirí talún a thug cuairt ar an suíomh, toisc nach raibh taifead no cuimhne sa cheantar ar thógáil tithe sa pháirc. Léirigh scrúdú na léarscáileanna Shuirbhéireacht Ordanáis (SO) sé orlach nár taispeánadh ach an chéad dhá struchtúr agus sin ar léarscáil an chéad eagrán.

Cnoc Eanaigh

Fuarthas iarsmaí foirgníochta, tithe, b'fhéidir, ag an suíomh cóngarach, Cnoc Eanaigh 3, thart fá 700 m ag dul soir ó dheas. Léirigh siad trí chéim de ghníomhaíocht ar a laghad, agus bhí iarsmaí an-bhriste d'urlár le dromchla moirtéil sa cheann ba luaithe, agus bhí teallach a tógadh ag baint úsáide as moirtéal, cloch agus tíleanna cré bruite ann chomh maith.

Léiríonn cúpla struchtúr mór cloiche gníomhaíocht níos moille ag an suíomh, agus taispeánann fionnachtana a rinneadh i rith tochailte dáta ón 17ú haois dóibh. I measc na ndéantán bhí comhartha airgid trádála de chóimhiotal copair (déanta go háitiúil de luaidhe nó de stán ar baineadh úsáid astu ar an chéad dul síos mar shóinseáil bheag) a d'eisigh Dominick French as 'Gallway' i Márta 1664 agus blúirí d'ábhar gairbhéil thuaisceart Dhevóin, le dáta 1680–1750. Arís, ní raibh a fhios ag muntir na háite go raibh na struchtúir seo ann agus ní bhfuarthas taifead ar bith ón chéad eagrán nó ón dara heagrán de na léarscáileanna OS.



Sampla ionadaíoch de photaireacht ón 18ú haois nó ón 19ú haois a fuarthas ag Eanach 1.

Cill na Scéithe

Tochlaíodh roinnt struchtúr ar thaobh Chnoc Scéithe, thart fá 4.5 km. ag dul soir ó dheas ó Choc Eanaigh. Tá líon beag daoine ina gcónaí i mbaile fearainn Cill Scéithe sa lá atá inniu ann, agus níl ‘lárionad sráidbhaile’ le feiceáil, ach toilleann suíomh na n-iarsmaí seo go tréan le clochán no sráidbhaile iarmheánaiseach ar tugadh Sean Cill Scéithe’ air go háitiúil. Níl fianaise bhuan stairiúil leis an áit lonnaithe seo, ach coinníonn muintir na háite an traidisiún gur lárionad margaidh a bhí ann, agus go raibh teach tábhairne ann, fiú (féach www.kilskeagh.com). Tacaíonn taighde seandálaíoch leis an scéal seo, a léirigh sraith d’fhianaise le háitriú gan taifead ar na léarscáileanna nó i bhfoinsí eile.


Bhí trí ghrúpa struchtúr ar leith sa limistéar a tochlaíodh, mar chuid de na hoibreacha a rinneadh ar na mallaibh le spás gairid eatarthu, thar achar 160 m a bheag nó a mhór, agus d’fhreastail bóthar a ligeadh i léig orthu uilig. Bhí trí struchtúr dhronuilleogacha chloiche le fáilta tirimie gaolmhara sa chéad cheann, an ceann níos mó ó thuaidh (Cill Scéithe 4). Bhí clós leagtha amach cosúil leis seo sa dara ceann (Cill Scéithe 2), ach bhí níos mó foirgneamh cloiche agus ballaí ann agus bhí sé leagtha amach ar limistéar i bhfad níos mó. Struchtúr aonair cloiche, scriosta go pointe áirithe, dronuilleogach, le fál tirim thart timpeall air ba é an tríú limistéar, an ceann deiridh (Cill Scéithe 5).

Bhí fothraigh eile le feiceáil, taobh amuigh den limistéar tochailte, ag gach ceann den bhóthar a ligeadh i léig, rud a léiríonn go raibh b’fhéidir 15 foirgneamh i sráidbhaile Cill Scéithe a chomhrinne sé áiteamh faoi leith ar a laghad. Fuarthas lána caol in aice leis an bhóthar a ligeadh i léig, thart fá 18 m ag dul siar aduaidh ón struchtúr Cill Scéithe 5 agus thug sé aghaidh ar áith aoil mhór (taobh amuigh den limistéar tochailte fosta) ar baineadh úsáid as ar an chéad dul síos, b’fhéidir, le foirgnimh a thógáil taobh istigh den sráidbhaile.

Bhí na foirgnimh ag Cill Scéithe tógtha go maith, cosúil leis na foirgnimh ag Eanach agus Cnoc Eanaigh, Cuireadh foraghaidh



An comhartha airgid trádála eisithe ag Dominick French ó ‘Gallway’ i Márta 1664 a fuarthas ó Chnoc Eanaigh3, Contae na Gaillimhe.



Plean de struchtúir 1-3 ag Cill Scéithe 4, Contae na Gaillimhe.

ar na ballaí agus ceanglaíodh iad le moirtéal aoil, agus bhí dromchla moirtéil ar na hurláir. Bhí teallach mór le líneáil de bhrící agus duirleoga. Bhí oighean beag

déanta de chloch agus cré ar thaobh amháin, a rinneadh ag baint úsáide as teicníc choirbéalta.

Chomh maith leis an méid coitianta de photaireacht, píopaí cré agus ábhar tógála a fuarthas ón 18ú agus ón 19ú haois a fuarthas ar an suíomh, fuarthas déantán neamhchoitianta ón smionagar tógála thart timpeall an chlóis, ag Cill Scéithe 2. Píosa tíle le cuid de chlog gréine air a bhí ann,


Freagra don cheist

Léiríonn an obair seo go cuimsitheach gur féidir eolas úrnua suimiúil a fháil trí thochailt agus anailís, is cuma cé chomh nua is atá an suíomh. Tá anailís iarthochailte den ábhar ó Eanach, Cnoc Eanaigh agus Cill

Blúire den chlog gréine ó Chill Scéithe 2.




Radharc ardaithe ar Chill Scéithe 4, ó dheas siar ó dheas.



Scéithe ag dul ar aghaidh agus tá taighde ar chaipéisí agus léarscáileanna, scrúdú fionachtana agus obair thimpeallachta bainteach léi. Síltear go gcuirfidh an obair seo go mór fós leis an eolas ar na súmh seo agus ar shuímh atá cosúil leo ar fud thuaisceart na Gaillimhe.

▲ Plean de struchtúir 1–3 ag Cill Scéithe 2.

► Plean den struchtúr agus den lána ag Cill Scéithe 5.





Radharc lár tochairte ar chlais ar shuíomh 18 i Ráth Dhaingean le dáta 537–400 RCh cailibrith. (Grianghraf: JCNA Teo)

Taobh thiar den Chaiseal

Tugann fionnachtan a rinneadh ag an seachród N8 Caiseal agus an ceangal N74 fianaise bhreise de lonnaíocht Iarnaoiseach i gCúige Mumhan.

Le Mícheál Ó Droma, comhstiúrthóir Wolfhound Archaeology

Léirigh tochairtí seandálaíochta a rinneadh ar na mallaibh roimh thógáil bóthair fianaise fhorleathan le lonnaíocht, torramh agus tionsclaíocht san Iarnaois (600 RCh–400 AD) i gCúige Mumhan (féach *Seanda*, Eagrán 3 [2008] lch. 51–3). Go dtí le fioghairid, ceapadh go raibh ‘fásach Iarnaoiseach’ sa réigiún seo le fíorbheagán fianaise le lonnaíocht ar bith. Rinne seo codarsnacht leis an réimse measartha mór de dhéantáin agus suímh dheasgnáthacha siombalacha a raibh eolas orthu sa leath ó thuaidh den tír. Léiríonn fionnachtana a rinneadh ar na mallaibh go raibh lonnaíocht forleathan i gCúige Mumhan san Iarnaois, agus thaispeáin suímh a aimsíodh ar Sheachród

Chaisil i 2003 níos mó gnéithe den saol sa tréimhse dhothuigthe seo.

Cnuasaigh ghíomhaíochta

Aimsíodh dhá chuasach de ghníomhaíocht Iarnaoiseach ar an bhóthar nua a shíneann thart timpeall ar an taobhanna thoir agus ar an taobh theas de Chaiseal. Ba iad Suímh 18 agus 20 i Ráth Dhaingean agus Suímh 25ii–iv i Lota Mhic Aodha Thoir an cnuasach thoir; ba iad Suímh 36ii agus 38 i Muileann Gaoithe an cnuasach thiar. Léiríonn anailís a fuarthas ar na dátaí a fuarthas ón dá chnuasach go raibh dhá phobal i gceantar Chaisil. Fuarthas thart fá 31 dáta radacharbóin ó 27 gné ar fud na scéime,

an chuid ba mhó acu ó na suímh thuasluaite. Fuarthas dátaí 748–404 RCh cailibrith agus 728–401 RCh cailibrith ó fhosú agus clais ar Shuíomh 36ii.

Leanann an ghníomhaíocht Luathiarnaoise seo iarsmaí ón Chré-Umhaois Dhéanach a aithníodh ar an scéim agus léiríonn sé go raibh leanúnas measartha san áit. Tá cuid mhaith den ábhar Iarnaoiseach i mbraisle sa tréimhse ón dara céad RCh go dtí an dara céad AD, agus tá struchtúr ciorclach (Suíomh 20) ann le dátaí 51 RCh cailibrith go 75 AD cailibrith. I ndiaidh thús an dara céad AD tá easpa gníomhaíochta i gceantar Chaisil go dtí an séú haois AD.

Claiseanna simplí scoite cuid mhaith de na gnéithe seo a bhí suite ar shuímh ina raibh gníomhaíocht Chré-Umhaoiseach fhorleathan. Cuireadh dáta 537–400 RCh cailibrith ar chlais mar seo ar Shuíomh 18 i Ráth Dhaingean. Mar gheall ar an méid gnéithe



Radharc ardaithe ar an lios ag suíomh 25ii Lota Mhic AodhaThoir ag léiriú an áit a raibh claiseanna iarnaoiseacha (intlís). (Príomhghrianghraf: Richard O'Brien, intlís: JCNA Teo)



Radharc iarthochailte ar chlais thiar ar shuíomh 25ii. (Grianghraf: JCNA Teo)

Iarnaoiseacha ón scéim, tá cur síos iomlán ar na hiarsmaí seo thar scóp an ailt seo, agus mar sin, cuirtear i láthair anseo rogha d'ailt a mbeadh spéis iontu.

Claiseanna an-suimiúla

Tochlaíodh dhá chlais luathmheánaoiseach le dhá dhíog le dáta thart fá dheireadh na chéad aoise de ré na Críostaíochta ar Shuíomh 25ii, i Lota Mhic Aodha Thoir. Bhí sraith thiubh d'fho-ithir ocsaídíte rua—fianaise le dó *in situ*—ag bun gach claise. Bhí an chlais ar an taobh thiar fodhronuilleogach le taobhanna cuasacha, a bhí géar in áiteanna agus réidh in áiteanna eile, le bun réidh le tomhas 1.35 m faoi 0.93 m agus 0.15 m mar dhoimhneacht. Bhí ceithre pholl poist suite go líneach ag an bhun le líonadh breactha le gluach, ach bhí sé le tabhairt faoi deara nach raibh sraith ocsaídíte sa líneadh seo. Chuir líonadh de ghlár gainmheach séala ar na poill poist agus tugadh dáta radacharbóin 90 RCh cailibrithe go 48 AD cailibrithe do ghualach coill a tháinig as.

Bhí an chlais thoir suite 1.47 m lastoir den chlais thiar. Bhí sé fodhronuilleogach, bhí bonn réidh uirthi agus bhí sí 1.55 m faoi 0.95 m, faoi 0.21 m ar doimhneacht. Tugadh trí pholl poist faoi deara ag an bhonn agus bhí

cré rua dhluthghlárach i ngach ceann acu, chomh maith le cloch briste ag an teas agus dúradáin ghualaigh in áiteanna. Lón glár rua domhain, le dúradáin ghualaigh agus cloch briste ag an teas, an chlais agus chuir sé séala uirthi. Fuarthas dáta 89 RCh cailibrithe–54 AD cailibrithe ón ghualach a tógadh ón fhosú seo, ina raibh dhá iarsma de chnámha ainmhithe dóite fosta.

Tugadh faoi deara go raibh patrún gníomhaíochta den sórt céanna sa dá chlais. Cé gur féidir go léiríonn na cnámha ainmhithe a bhí ar an láthair baint éigin le cócaireacht nó ullmhúchán bia, léiríonn an patrún casta de phoill poist taobh istigh, an diandó *in situ* agus an dá ghné chomhaimseartha beagnach comhionann lena chéile agus an-chóngarach dá chéile sainfheidhm éigin, cé nach bhfuil a fhios againn cén sórt. Níl rud ar bith cosúil leis na gnéithe seo áit ar bith eile ar an suíomh.

Ar an suíomh céanna, baineadh úsáid arís as clais thart fá 30 m ag dul ó dheas, as ar baineadh úsáid den chéad uair i lár na Cré-Umhaoise (thart fá 1600–1100 RCh). Fuarthas dáta 39 RCh cailibrithe–75AD cailibrithe ó ghualach coill a tháinig ón ghné seo. Tá claonadh ann i dtreo gníomhaíocht Iarnaoise ar shuímh ar baineadh úsáid astu roimhe san Chré- Umhaois ar an scéim seo agus in áiteanna eile in Éirinn. Chonacthas patrún eile i gCaiseal, áit ar tógadh clóis na Luath-Mheánaoise ag trí nó ceithre shuíomh ina raibh gníomhaíocht Iarnaoiseach fhorleathan.



Radharc lár tochailte ar chlais thoir ar shuíomh 25ii. (Grianghraf: JCNA Teo)

Chuir fionnachtain iarsmaí Iarnaoiseacha ar fud na Mumhan go mór lenár dtuiscint ar réigiún a bhí mar spás folamh a bheag nó a mhór dar leis a lán daoine.



Trinsí tástála le radharc ar chlós bharr cnoic TS061-072 ón áit a bhfuarthas déantáin iarainn. (Grianghraf: Richard O'Brien)


Miotalóireacht ón Ré La Tène

Fuarthas rud an-annamh i gclais ar Shuíomh 38 i Muileann Gaoithe—Iarann ón Iarnaois. Bhí an chlais, ceann amháin as cúig ghné i limistéar 30 m faoi 10 m ar fhána ar an taobh thoir de chnoc íseal le haghaidh ar chlós ar bharr cnoic ag Muileann Gaoithe. (Taifead Uimh.TS061–072 Suímh agus Séadchomhartha). Bhí an chlais fodhronuilleogach, 1.39 m faoi 0.92 m faoi 0.2 m ar doimhneacht, agus bhí líonadh cré ann. Fuarthas blúire mín de lann iarainn agus rud iarainn le seam, cosúil le lúb ón fhosú seo. Fuarthas dáta 179–40 RCh cailibrithe ó ghualach coill taobh istigh den líonadh. Is annamh ábhar iarainn ó chomthéacsanna le dátaí cinnte ón Iarnaois.

Fuarthas cnámha ainmhithe (de ghnéithe neamhchinnitithe) ón chlais seo agus síltear gur clais bhruscar teaghlaigh an ghné seo. Bhí fianaise le dó *in situ* ina lán claiseanna eile maguaird. Bhí clais atá cóngarach a thug



Píosa iarainn, iarsma de lann ón chlais iarnaoiseach ón suíomh 38 i Muileann Gaoithe. Barra scála: Fad 5cm. (Grianghraf: Richard O'Brien)



Rud iarainn seamaithe cosúil le lúb ón chlais iarnaoiseach ar shuíomh 38 i Muileann Gaoithe. Barra scála: Fad 5cm. (Grianghraf: Richard O'Brien)

fianaise le miotalóireacht Chré-Umaoiseach an-suimiúil. Le dáta 1123–906 RCh cailibrithe, thug sé iarsma de mhiotalóireacht.

Is feiniméain lánbhunaithe iad athúsáid agus seilbh leanúnach fiú, de shuímh Chré-Umhaoiseacha san Iarnaois. Ag Baile an Droichid, Contae Thiobraid Árann, ar an N8 Caiseal–Baile Mhistéala, tochlaíodh dhá theach ó lár na Cré-Umhaoise. Aimsíodh tithe Iarnmheánaiseacha ar an bhealach ó dheas ó na tithe seo. Ag Buiríos Léith, Contae Thiobraid Árann, caitheadh iarsmaí le dáta ón Luath Iarnaois i ndíog clóis líonta go mór a tógadh i rith na Cré-Umhaoise déanaí.

Plé

Is suímh Iar-iarnaoiseacha iad thart fá 10% de na fionnachtana ó thochail seandálaíochta ar scéimeanna bóthair an ÚBN. Chuir fionnachtain iarsmaí Iarnaoiseacha ar fud na Mumhan go mór lenár dtuiscint ar réigiún a bhí mar spás folamh a bheag nó a mhór dar leis a lán daoine. Ar an N8 Caiseal–Baile Mhistéala thug 12 suíomh fianaise le gníomhaíocht Iarnaoiseach. Bhí den Iarnaois 14% a bheag nó a mhór de na dátaí radacharbóin a fuarthas ó Sheachróid Chaisil. Is féidir taispeáint anois go bhfuil leibhéil daonra cosúil leis an leath ó thuaidh den tír i ‘bhfásach na Iarnaoise’ mar a tugadh ar Chúige Mumhan 20 bliain o shin.

Leanann déscaradh maidir leis an chultúr ábhartha a bhí sa leath ó thuaidh agus sa leath ó dheas ag taispeáint difríochtaí réigiúnacha ag an am seo, áfach. Tá ‘muintir dhofheicthe na hIarnaoise’ ann, ach bíonn siad ina dtost maidir lena lán rudaí. B’fhéidir go dtabharfaidh fionnachtain mhiotalóireachta ón Ré La Tène i gCaiseal níos mó léargais ar an sórt teagmhála a bhí ann idir tuaisceart agus deisceart an oileáin, agus ar an chultúr ábharthach i ngach cuid de.

An tSeandálaíocht agus Sraith Mhonafráf an ÚBN

Past Times, Changing Fortunes

Curtha in eagar ag Sheelagh Conran, Ed Danaher agus Michael Stanley

Foilsithe Lúnasa 2011

Ba ábhar cuí é *Past Times, Changing Fortunes*, (amanna a chuaigh thart agus athruithe cinniúna), téama a léiríonn imní faoi chúrsaí eacnamaíocha an lae inniu, do Sheimineár Seandálaíochta Náisiúnta an inar tugadh cuireadh do na cainteoirí labhairt ar an dóigh ar athraigh cinniúint thídhrach na hÉireann agus mhuintir na hÉireann thar na mílte bliain. Léiríonn na himeachtaí is déanaí an líon ollmhór d'fhianaise ón tseandálaíocht agus ón phalaetímpeallacht leis an oiread sin athruithe san oileán seo agus le somheanma na ndaoine.



Creative Minds: production, manufacturing and invention in ancient Ireland


Curtha in eagar ag Michael Stanley, Ed Danaher agus James Eogan

Foilsithe Lúnasa 2010

'Is achoimre eile de thorthaí oibre allamuigh maoinithe ag an ÚBN é an leabhar tarraingteach seo a bhfuil fáilte roimpi: tá sé maisithe go maith agus tá sé le fáil ag gach duine. Tá a lán seod agus a lán léargas iontach ann agus beidh fiúntas buan ann do thaighdeoirí agus don phobal araon. ...Is cóir comhghairdeas a dhéanamh leis an ÚBN agus ba chóir iad a ghríosadh le dul ar aghaidh leis an obair chraobhscaoilte iontach.'

An Dr Alison Sheridan, larsmalann Náisiúnta na hAlban, *British Archaeology Magazine*.

Tá *Past Times, Changing Fortunes* agus *Creative Minds* ar fáil sna siopaí leabhar, nó díreach ó Wordwell Book Sales, Media House, South County Business Park, Baile na Lobhar, BÁC 18 (teil:+353 1 2947860 ; ríomhphost: Helen@wordwellbooks.com)





Ceann tua cloiche Neoiliteach ó Mhainéar Thoir. (Grianghraf: Farina Sterneke)

Seanloirg na beatha agus an bháis

Léirigh réamhthorthaí de thochailtí ar Sheachród Thrá Lí i gContae Chiarraí a lán fianaise seandálaíoch.

Le Patricia Long, bainisteoir Tionsnamh Sinsearach le Headland Archaeology (Ireland) Teo

Fuarthas fianaise le lonnaíocht, tionscal agus deasghnátha ar feadh na mílte bliain i rith fiosrúcháin seandálaíoch i Ríocht Chiarraí. Rinne Tony Bartlett agus James Hession ó Headland Archaeology (Ireland) Teo tochailtí ar 36 suíomh ar rian an N22 Seachród Thrá Lí / Trá Lí go scéim bhóthair Bhealach Greallach ag dul soir agus ó dheas ón bhaile idir Eanáir agus Aibreán 2011. Aimsíodh réimse maith de shuímh sheandálaíocha ach bhí líon na ndéantán a bhí bainteach leis an-íseal.

Lonnaíocht

Aithníodh fianaise dhíreach le seilbh agus lonnaíocht sa cheantar sa tréimhse Neoiliteach, sa Chré-Umhaois agus sna réanna Mheánaoiseacha agus Iar-Mheánaoiseacha. Ag Mainéar Thoir thart fá 1 ciliméadar ag dul soir ó Thrá Lí, aimsíodh réimse de chlaiseanna poill poist agus poill cuaille thar limistéar mór. Léiríonn aighabháil ceann tua Neoiliteach cloiche agus líon beag potaireachta Neoilití gur as an tréimhse (c. 4000–2400 RCh) cuid den ghníomhaíocht seo.

Aimsíodh roinnt cruinntithe feadh an bhealaigh agus is dócha go bhfuil dáta Cré-Umhaoise (c.



Clós dhá dhíog ag Baile an Óraigh Thiar 2. (Grianghraf: Aerialphoto.ie)

2400–600 RCh) acu. Bhí trí chruinnteach suite le chéile ar thaobh cnoic ag suíomh ag Cnoc an Mhadra, Lár 2, 1.4 km soir ó thuaidh ó Thrá Lí agus aimsíodh cruinnteach ag Baile an

Ghabhann 1, 1 km ag dul soir ó Thrá Lí ar an taobh thuaidh de shuíomh mór ilthréimhsí.

Ceapadh ar an chéad dul síos go ndeachaigh clós le dhá dhíog ag Baile an Óraigh Thiar 2, c. 1 km ag dul soir ó thuaidh ó Thrá Lí siar go dtí an Luath-Mheánaois (c. AD 450–1169) ach ní bhfuarthas ach potaireacht réamhstairiúl i rith na tochairle, mar sin de, táthar ag dúil go mór le torthaí dátaithe radacharbóin ón suíomh seo. Is dócha go bhfuil clós le díog ag Clais Éamóin 1, c. 2 km soir ó dheas ó Thrá Lí Luath-Mheánaoiseach maidir le dáta cé nach bhfuarthas déantáin. Bhí sé suite an-chongarach do chlós seasmhach (Taifead uimhir KE038-018 Suímh agus Séadchomharthaí) taobh thiar de rian an bhóthair.


Aithníodh lonnaíocht Iar-Mheánaoiseach ag cuid suíomh Lios Mór 1, 2.7 km ag dul soir ó thuaidh ó Thrá Lí, san áireamh, áit a tochairleodh bóthar agus iarsmaí de roinnt struchtúr cloiche a raibh baint acu le teach dúiche ón 19ú haois ag Lios Mór. Aimsíodh struchtúr cloiche a raibh baint aige le teorainn bhaile fearainn ag Clais Éamóin 1.

Maireachtáil agus Tionscal

Aimsíodh gnéithe a raibh baint acu le maireachtáil agus tionscal tríd an scéim ar fad. Bhí 13 suíomh ar fad ann a raibh gnéithe acu bainteach le dó duma le dáta ón tréimhse Neoiliteach go dtí an Chré-Umhaois dhéanach. Bhí siad seo cruinnithe go háirithe ar imeall na tuilemhá den abhainn Laoi ar thaobh dheas an scéim bhóthair, áit a bhfuil claonadh ag an talamh a bheith faoi uisce ó am go ham.



Radharc ón aer ar Chlós Clais Éamóin, le clós KE038-018 ar an taobh thoir dheas. (Grianghraf: Aerialphoto.ie)



Áith aoil Iar-Mheánaoiseach tochairle ag Lios Mór 1, (Grianghraf: Headland Archaeology (Ireland) Teo)

Aimsíodh fianaise mhiotalóireachta ar dhá shuíomh mhóra ilthréimhsí: Baile an Óraigh Thiar 4,400 m ag dul soir ó Thrá Lí, agus Baile an Ghabhann 1. Aithníodh áitheanna tháirgeadh gualaigh chomh maith le codanna cnámhoige. De réir cosúlachta fuarthas dhá áith tháirgeadh gualaigh in dhá áit eile: Droim Tachair 2,200 m ag dul soir ó thuaidh ó Thrá Lí, agus Gort Breac Thoir 1, 4.4 km soir ó dheas ó Thrá Lí.

Thosaigh táirgeadh brící in Éirinn ag baint úsáide as clampaí bríce ag deireadh an 17ú haois.

Aithníodh cuid áitheanna feadh an tseachróid. B'fhéidir go bhfuil baint ag dhá cheann le triomú arbhair Luath-Mheánaoiseach, cé go mbeidh anailís de shamplaí timpeallachta de dhíth lena chinntiú. Áitheanna aoil Iar-Mheánaoiseacha ba ea sé chinn acu. Fuarthas áitheanna aoil cré-ghearrtha gan chlúdach ag Lios Mór 1, Cnoc an Mhadra Lár 1 (1.5 km ag dul soir ó thuaidh ó Thrá Lí) agus Droim an Bhealaigh 1 (3.3 km ag dul soir ó dheas ó Thrá Lí). Bhí siad seo bainteach le claiseanna dramhaíola ollmhóra agus fuarthas struchtúr le poill poist fosta ag Droim an Bhealaigh 1. Fuarthas áith aoil chloiche chearnógach ar fhána nádúrtha ag Baile an Óraigh Thiar 4 agus fuarthas lorg áithe móire as ar goideadh an chloch ar fad



Clampa bríce i rith tochailte ag Campa 1. (Grianghraf: Headland Archaeology (Ireland) Teo)

ag Baile an Dúgánaigh 2, 3.6 km ag dul soir ó dheas ó Thrá Lí.

Fuarthas fianaise le táirgeadh brící, i bhfoirm clampa bríce agus clais dramhaíola, ag trí áit i dtuilemhá chréúil theas an Laoi. Ba struchtúir

mhóra dhronuilleoga iad na clampaí bríce ar baineadh úsáid astu le mórchodanna cré a bhácáil le brící a dhéanamh. Thosaigh an módh tháirgeadh brící seo in Éirinn ag deireadh an 17ú aois agus d'éirigh sé forleathan i rith an 18ú aois.

Adhlacadh agus Deasghnátha

Aimsíodh adhlachtaí créamtha ar thrí shuíomh agus is iad an t-aon fhianaise atá ann maidir le nósanna sochraide feadh an tseachróid. Fuarthas trí chréamadh in áiteanna éagsúla ag Mainéar Thoir. Bhí ceann amháin acu taobh istigh de phróca Chré-Umhaoise. Fuarthas créamadh i bpróca Cré-Umhaoiseach eile ag Baile an Óraigh Thiar 3, 700 m ag dul soir ó Thrá Lí, chomh maith le díog neasfháinneach, b'fhéidir. In aice láimhe, ag Baile na Óraigh Thiar 4, tochlaíodh 22 corp créamtha ar fad agus díog fháinneach ina raibh cnámha créamtha agus fuarthas coirníní beaga gorma in dhá cheann acu a léiríonn dáta Iarnaoiseach (c. 600 RCh–AD 450).


Chuirfeadh sraith dhúbáilte de chlaiseanna/de phoill poist aimsithe ag Baile an Ghabhann bealaí atá bainteach le ciorclaí adhmaid ó na suímh réamhstairiúla i gcuimhne. Ní bhfuarthas déantáin ar bith le dáta a chur orthu seo agus beidh torthaí radacharbóin tábhachtacha le feidhm na sraitheanna seo a mheas. De réir cosúlachta lean siad ar aghaidh amach as an taobh thoir de rian an róid agus is féidir go bhfuil baint acu le séadchomharthaí deasghnátha sa cheantar seo, cé nach raibh sé seo soiléir ón suirbhé geofisiciúil sa pháirc in aice leis.

Tá obair iar-thochailte ag dul ar aghaidh faoi láthair maidir leis na suímh uilig tochailte ar sheachród Thrá Lí agus tá sé pleanáilte torthaí na tochailte a fhoilsiú i scéim mhonagraf. Cuirfidh sé seo go mór le taifead seandálaíoch cheantar Thrá Lí.



Sraith dhúbáilte de chlaiseanna/poill poist ag Baile an Ghabhann 1, ag amharc soir. (Grianghraf: Headland Archaeology (Ireland) Teo)

Greanta sa Tírdhreach




Céad-eagrán léarscáil sé orlach Suirbhéireacht Ordanáis (ar clé) agus íomhá LiDAR taifeach 2m ag léiriú rianta céachta le seanteorainn páirce gan taifead ar an léarscáil. (íomhánna: Will Megarry)


Fuarthas cuid mhaith torthaí le húsáid LiDAR ar scéim bóthair N4 Cora Droma Rúisc go Dromad.

Le Will Megarry, Sainchomhairleoir ig Córais Eolais Tíreolaíocha ag obair i Scoil na Seandálaíochta, Coláiste Ollscoil Bhaile Átha Cliath

Is uirlis thábhachtach i bhfoireann uirlisí an tseandálaí na sonraí LiDAR (Breathnú Solais agus Raonaimsiú / Light Detection and Ranging). Trí scannadh dhromchla an domhain ó aerthaí ag eitilt go híseal, tugann LiDAR mionsamhail airde arda taifeach de tírdhreach ag léiriú difríochtaí dinnseanchais fineáilte nach bhfeictear in aer-grianghrafadóireacht. Trí láimhsiú na sonraí atá cruinnithe a thugann íomhá infheicthe den tírdhreach agus trí smachtú treo agus uillinn sholas gréine insamhail a théann trasna is féidir mionsamhlacha scáiliú cnoc a dhéanamh a thaifeadann gnéithe seandálaíocha le sonraí iontacha. Tá buntáiste breise ag na ríoga leasair a úsáideann LiDAR, is é sin go bhfuil siad ábalta dul tríd an duilliúr, ag tabhairt mionsamhail dhromchla den topagrafaíocht ag taifeadadh gnéithe i bhfolach i bhforaoisí agus áiteanna faoi chrainn. Teicneolaíocht iontach oiriúnach d'Éirinn atá ann, áit a bhfuil gníomhaíocht ón am a chuaigh thart greanta agus scríobtha trasna



Íomhá LiDAR agus bealach molta (barr) agus aerfótograf (bun) den bhaile fearainn An Charraig ag léiriú suímh taifeadta SMR agus lios nua-aimsithe.




Bealach molta do scéim bhóthair N4 Cora Droma Rúisc – Dromad (líne bhriste), maoláin 50m agus 100m (scáthaithe), agus íomhá LiDAR.


an tírdhreacha agus atá le feiceáil go fóill faoi ghníomhaíocht nua-aimseartha.

An Tionscnamh

I rith na dtréimhsí comhairlithe do scéim bóthar N4 Cora Droma Rúisc go Dromad, choimisiúnaigh Comhairle Chontae Liatroma agus an ÚBN staidéar LiDAR le féideartha gnéithe seandálaíocha taobh istigh de limistéar an bhealaigh atá molta a iniúchadh. Ag baint úsáide as sonraí LiDAR de scaoileadh 2 m a thug Suirbhéireacht Ordanáis na hÉireann próiseáladh agus cuireadh isteach i gcóras eolais tíreolaíoch (GIS/ Geographical Information System) codanna cuí den bhealach chomh maith le sonraí eile, aerghrianghrafadóireacht, léarscáiliú nua-aimseartha agus stairiúil, tacaí sonraí ó Shuirbhéireacht Gheolaíoch na hÉireann agus an Taifead Um Shuímh agus Séadchomharthaí (SMR) ina measc. Is



Íomhá LiDAR agus aerfótograf ag léiriú seanteorannacha páirce, rianta céachta agus lios nua-aimsithe i mbaile fearainn an Garbhlach.



Íomhá LiDAR ag léiriú clós mór ciorclach os cionn Loch an Spá i mbaile fearainn Gort an Chonalláin.

uirlis chumhachtach é LiDAR; tá sé níos éifeachtaí mar chuid d'fhoireann uirlisí a thugann isteach an réimse is leithne de sonraí spásúla agus is féidir. Cruthaíodh maoláin ag 50 m agus 100 m thart timpeall an bhealaigh mholta agus aithníodh suímh fhéideartha taobh istigh de na maoláin seo. Taifeadh suímh nua de réir baile fearainn agus tugadh lipéad faoi leith dóibh. Taifeadh a ngaol spásúil leis an bhealach mholta fosta.

Torthaí áirithe

Rinneadh suirbhé ar 41 baile fearainn agus aithníodh 12 suíomh fhéideartha nua faoi fhad 100 m ón bhealach mholta. Bhí cuid mhaith de na suímh seo suite in aice le bóithre rochtana coimhdeacha agus chan leis an phríomhbhealach féin. Bhí na sonraí LiDAR éifeachtach go háirithe ag aimsiú gnéithe ciorclacha sa tírdhreach, clóis, liosanna agus a leithéidí. Toisc nach bhfuil sé ábalta ach gnéithe a fhágann comhartha topagrafach éigin (fíú ceann an-bheag) a aimsiú, bhí torthaí measctha ó limistéir ghláracha isle nó limistéir sheascannacha. Aithníodh naoi lios (áitimh Nua-Mheánaoiseacha le fál) ó 20–40 m trasna. Bhí cuid mhaith acu suite faoi scáth crann nó bhí rilíf an-íseal acu. Bhí cinn acu i lár chóras páirceanna casta a fhágtar cosanta sa topagraíocht. Bhí suímh eile i bhfolach go pointe ag teorannacha páirceanna.

Tugann sonraí LiDAR taifead ardtairghe d'airde tírdhreacha agus is féidir úsáid a bhaint as na sonraí seo le rudaí éagsúla a dhéanamh.

Aithníodh clós mór ciorclach fosta i mbaile fearainn Ghort Chonalláin an-chongarach do cheithre lios atá ar liosta SMR. Tá sé suite faoi dhroim chnoic le réfhánaí le haghaidh ar Loch an Spá agus crannóg (SMR uimh. LE032-051), agus tá sé níos mó ná 100 m trasna. Bhí an gaol idir liosanna agus clóis níos mó le feiceáil go soiléir ar fud an cheantair le coimpléisc iomlána a bhí le feiceáil go soiléir sna sonraí LiDAR. I gcásanna mar seo




Íomhá LiDAR agus aerfótograf de choimpléasc i mbaile fearainn Lios na gCat.

aithníodh liosanna aonair mar SMRs, ach níor aithníodh na clóis taobh amuigh. Tá sampla an-mhaith le feiceáil ag Lios na gCat, áit a bhfuil trí lios le claí creáfoige timpeall orthu.

Mar a luaitear thuas, tugann sonraí LiDAR taifead ardtaifigh d'airde tírdhreacha agus is féidir úsáid a bhaint as na sonraí seo le rudaí éagsúla a dhéanamh. Is féidir leo bheith ina gcúlra d'íomháineachas tríthoiseach mion agus is féidir leo cuidiú le seandálaithe ceisteanna níos teoiriciúla a bhaineann le lonnaitheacht an tírdhreacha thart timpeall a scrúdú. D'amharc an tionscnamh ar airíonna uisciúla an tírdhreacha agus scrúdaigh sé an gaol idir draenáil, an bealach molta agus seandálaíocht sa réigiún. Tá na torthaí suimiúil agus léiríonn siad go bhfuil an chuid is mó de na liosanna sa réigiún suite ar theorannacha dobhaidhroime mar atá na bealaí molta do scéimeanna bóthair.

Conclúidí

Cé go raibh an seaoileadh LiDAR ar baineadh úsáid as sa staidéar garbh go leor bhí na torthaí iontach dearfach. Aithníodh 12 suíomh seandálaíochta shuntasacha nua sa tírdhreach. Bhí cuid de na suíomh seo suite an-chóngarach do na bealaí molta nó na bealaí coimhdeacha. Ar leibhéal náisiúnta léirigh an tionscnamh éifeacht d'úsáid sonraí LiDAR a bhí ann cheana le suíomh a aithint (ag seachaint riachtanais suirbhé LiDAR faoi leith don tionscnamh). Clúdaíonn sonraí LiDAR ardtaifigh níos mó ná 30% den tír agus coimisiúnaíonn a lán scéimeanna tráchtála eolas LiDAR d'innealtóireacht nó do dhearadh. Le húsáid na sonraí seo tá an iarracht bhreise is lú de dhíth do shuirbhéireacht sheandálaíoch, tá sé saor agus is féidir costais tástála agus tochairle a shábháil.



Achoimre: LiDAR


Is giorrú é LiDAR a chiallaíonn Light Detection and Ranging/Breathnú Solais agus Raonaimsiú. Le húsáid scanóirí léasair suite ar aerarthaí ag eitilt go híseal gabhann LiDAR airde tírdhreacha agus topagrafaíocht ardtaifigh. Athraíonn an taifeach seo agus is féidir le raon idir <10cm agus roinnt méadar a bheith ann. Déanann na léasair seo tomhas ar an fhad idir an aerárthach agus an talamh ag cruthú sraith pointí a thaifeadann an láthair gheografach agus an airde ag faid áirithe ar an tírdhreach. An buntáiste breise atá acu ná go bhfuil siad ábalta dul tríd an duilliúr ag taifeadadh topagrafaíochta i bhforaoisí. Is féidir úsáid a bhaint as scanóirí ar talamh chun limistéir níos lú agus gnéithe seasta, mar shampla foirgnimh, a thaifeadadh.

Is teicneolaíocht an-oiriúnach do chuardach seandálaíoch sa tírdhreach Éireannach LiDAR. Go minic is féidir le rianta laga créfort fanacht dofheicthe don tsúil fhornocht agus an aerfótografaíocht.

Cuidíonn LiDAR linn amharc ar an tírdhreach ar dhóigh dhifriúil ag cur patrúin áirithe chun suntais agus ag aibhsiú ardáin bheaga a léiríonn gmiomhaíocht dhaonna san am a chuaigh thart.

Bíonn tóir níos mó agus níos mó ar shonraí LiDAR le blianta beaga anuas agus baintear úsáid astu go forleathan anois i bhforaoiseacht, talmhaíocht, cuardach mianraí agus baineann comhlachtaí árachais úsáid astu chomh maith ag déanamh samhlacha de bhaol tuille i limistéir cois abhann. Is féidir go bhfeictear costais a bhaineann le coimisiúnaí sonraí nua LiDAR do reigiún faoi leith do-íochta don tseandálaíocht. Ar an dea-uair, bailíodh sonraí do chuid mhór den tír cheana agus is féidir iad a fháil le costas níos réasúnta ó eagraíochtaí, a leithéidí Suirbhéireacht Ordanáis Éireann.

Will Megarry, Scoil na Seandálaíochta, Coláiste na hOllscoile, Áth Cliath



An dréimire féideartha fearnógach i rith tochailte. (Grianghraf: Leigh Barker)

Eolas nuashonraithe ar na déantáin adhmaid is luaithe i gCaiseal


Rinneadh obair chaomhnaithe ar dhá dhéantán adhmaid shuntasacha ar sheachróid N8 Caiseal in 2003.

Le Joanne Hughes Comhstiúrtóir Wolfhound Archaeology

An phiocóid i ndiaidh caomhnaithe. (Grianghraf: Stellar Photography)

Tuairiscíodh fionnachtain piocóide agus dréimire ag suíomh a tochlaíodh ag Lota Mhic Eoin agus an Bhigigh, Contae Thiobraid Árann in eagrán *Seanda* (Eagrán 3[2008], lch. 33). Ba ghrúpa seacht bhfulachta fia/cairn dhóite i mbogach ar an droim thoir de Chnoc Mhuileann Gaoithe, an comhartha fearainn is suntasaí ó dheas ó Charraig Phádraig.

Mar a tuairiscíodh cheana, dátaíodh an phiocóid fhéideartha, a rinneadh as draighean agus adhmad sílín, le radacharbón go 2440–2140 RCh cailibrithe. Dátaíodh an dréimire féideartha, a rinneadh as fearnóg, go 1,000 bliain níos moille (1390–1120 RCh cailibrithe), rud a léiríonn úsáid leanúnach an tírdhreacha seo san am a chuaigh thart. Gan baint de na déantáin seo, rinneadh anailís ar níos mó ná 30 píosa eile adhmaid ag an saineolaí adhmaid Ellen O’Carroll. Ba iad fearnóg, saileach, draighean agus crann úll de shórt éigin na speicis a aithníodh.



An phiocóid fhéideartha déanta de dhraighean/sílín. (Liníocht: Niamh Ó Broin)



Chonaic an t-údar dréimire mar seo in úsáid i gclós súgartha ar na mallaibh.

Rinneadh obair chaomhnaithe ar na déantáin in Iarsmalann Náisiúnta na hÉireann. Ar an drochuair, mar gheall ar a mhéid agus a staid shobhraste, ní rabhthas in ann an dréimire a atógáil. Rinne na caomhnóirí Kasia Bernaciak agus Carol Smith an obair seo i mBeairic Uí Choileáin. Is é an chéad chéim eile ná seachadadh na piocóide go dtí Iarsmalann an Chontae, Tiobraid Árann Theas i gCluain Meala, áit a dtaispeánfar í go sealadach. Is ceart agus is cóir go rachaidh ceann amháin de na hairteagail adhmaid seo, na cinn is luaithe ó Chaiseal, ar ais chuig an chontae agus go mbainfidh gach duine sult as.



Dréimire i gclós súgartha. (Grianghraf: Joanne Hughes)

Brú an Ghabha



Atógáil de cheardlann oibriú iarainn luath-mheánaoiseach a tochlaíodh ag an Bogán Mór, Contae Mhaigh Eo ar Sheachróid N5 Baile Chathail. Bhain gaibhne úsáid as áiteanna dorchá toisc gur léirigh dath an mhiotail théite agus an lasar go raibh le táthú nó le bualadh. (Líníocht: Fergus Niland)

Fuarthas fianaise le ceardlann ghabha luath-mheánaoiseach ar na mallaibh ar an N11 Ionad Seirbhísí Mótarbhealaigh ó thuaidh, Guaire, Contae Loch Garman.

Le Gill McLaughlin, Stiúrthóir Tochtaltáin le Irish Archaeological Consultancy Teo

Cé go bhfuil a fhios againn gur chleacht daoine miotalóireacht ar mionscála iad féin in áitrithe, síltear gur fhreastail gaibhne taistil ar an phobal faoin tuath ag an am sin maidir le miotalóireacht. Aimsíodh ceardlann fhéideartha shealadach as ar bhain gabha úsáid i mbaile fearainn Baile Eilín, Contae Loch Garman, 9 km. soir ó thuaidh ó Ghuaire mar thoradh de thástáil sheandálaíoch ar an ionad seirbhísí ar mhótarbhealach N11 Guaire Thuaidh. Léirigh tochtail iomlán i Lúnasa 2010 iarsmaí d'fhoirgneamh fodhronuilleogach le trinse sliotáin mar theorainn ar thrí thaobh. Tugadh dátú radacharbóin 890–1030 AD cailibrithe, an tréimhse níos déanaí den Luath-Mheánaois do ghualach fearnóige a fuarthas ón líonadh níos isle.

Bhí an struchtúr ag Baile Eilín 1 c. 7 m faoi 6 m agus bhí an trinse sliotáin 0.4 m ar doimhneacht agus 0.5 ar leithead, ar an uasmhéid. Léirigh dhá líonadh de ghlár gainmheach gur líonadh le glár é nuair a tréigeadh an foirgneamh. Bhí líon mór dramhaíola nó slaiqe mar fhianaise le gníomhaíocht mhiotalóireachta 41 kg ar fad, an chuid is mó cruinnithe ar an taobh thoir den struchtúr. Bhí fánaí géara agus bun réidh ag an trinse sliotáin agus is féidir go raibh ballaí chlár adhmaid air a tógadh de nuair a tréigeadh an suíomh. Is féidir fosta gur fheidhmigh an trinse mar dhraein thart timpeall foirgneamh le ballaí cré/fóid. Bhí réfhána ón taobh thoir theas go dtí an taobh thiar thuaidh agus, b'fhéidir go dtacaíonn an fhána agus easpa trinse ar an taobh thiar ó thuaidh leis an teoiric seo.



Struchtúr oibriú miotail a tochlaíodh féideartha ag Baile Eilín, Contae Loch Garman. (Grianghraf: Irish Archaeological Consultancy Teo)

Léirigh an chrámhóg gur obair ghabha an ghníomhaíocht mhiotalóireacht a bhí ag Baile Eilín 1. Go baileach bhí crámhóg ar a dtugtar dabaí teallaigh sa bhailiúchán a léirigh obair ghabha thánaisteach (úsáid dheiridh iarainn chun déantáin a dhéanamh nó a dheisiú) mar an phríomhghníomhaíocht in áit phríomhobair ghabha nó próiseáil blúmáin (míneadas blúmáin iarainn amh). Is cnapanna spúinsiúla amha iarainn iad na blúmáin is cóir don ghabha an chrámhóg a bhualadh astu.

Bhí baint ag an struchtúr ag Baile Eilín le hobair iarainn ar scála beag ag teallach is dócha. Cé nach raibh fianaise chinnte le teallach ag an suíomh is féidir gur tógadh ceann as mar gheall ar ghníomhaíocht thalmhaíochta níos déanaí. Is féidir nach raibh baint dhíreach ag an chrámhóg le húsáid an struchtúir ach toisc go raibh an trinse sliotáin oscailte nuair a cuireadh an chrámhóg isteach is féidir go raibh ceangal ann. B'fhéidir gur baineadh úsáid as an fhoirgneamh mar dhídean sealadach don ghabha taistil a rinne obair dheisithe in áit amháin sular imigh sé chun a cheird a chleachtadh rud beag níos faide síos an bóthar.

Deich mbliana de Gheoifisic na Seandálaíochta

Tá léirmheas á dhéanamh ar úsáid gheoifisic na seandálaíochta ar scéimeanna bóthair le deich mbliana anuas mar chuid de Chlár Comhaltachta an ÚBN.


Le James Bonsall, geoifhisiceoir seandálaíoch ag déanamh taighde do PHD ag Ollscoil Bradford

An rud atá i suirbhéireacht gheoifisiceach ná réimse de dhóigheanna le taiscéaladh faoi dhromchla na talún a cheadaíonn do sheandálaithe ‘feiceáil faoin ithir’ trí chainbhraiteach. Oibríonn an fhoirm seo de shirtheoireacht gan ionradh trí thomhas difríochtaí nó aimhrialtacha sna tréithe maighnéadacha, leictreacha agus tréithe eile den ithir gur féidir a aimsiú le huirlisí. Is féidir le haimhrialtacha mar seo a bheith ann mar gheall ar dhéantáin iarainn agus réimse de ghnéithe seandálaíocha agus struchtúr.

Stiúraigh an ÚBN 241 scéim bhóthair ag céimeanna éagsúla pleanála, tógála agus cuir i gcrích idir 2001 agus 2010. Astu siúd rinneadh measúnú ar 71 scéim faoi leith le suirbhéanna gheoifisic seandálaíochta, a tháinig chun deiridh le 171 tuairisc gheoifisice ar leith. San eagrán deireanach de *Seanda* (Eagrán 5 [2010], lch. 5) d’fhógair Rónán Swan (ÚBN, Ceannaire sealadach Seandálaíochta) léirmheas ar na suirbhéanna seo mar chuid de Chlár Comhaltachta an ÚBN. Tá James Bonsall, an Dr. Chris Gaffney agus an tOllamh Ian Armit ó Ollscoil Bradford sa Ríocht Aontaithe ag déanamh an léirmheasa. Tá an comhlacht Éireannach Earthsound Archaeological Geophysics ag obair mar pháirtí tionsclaíochta sa taighde. Scrúdóidh an léirmheas go mion úsáid suirbhéanna gheoifisic seandálaíochta maidir lena n-aidhmeanna tosaigh agus go dtí cén pointe go mbaineann an ÚBN leas as suirbhéanna mar seo le deich mbliana anuas. Baintear úsáid as suirbhéireacht gheoifisice go rialta le suímh sheandálaíocha a aithint nó a mhapáladh go luath sa phróiseas pleanála agus is é seo ceann de na modhanna iomadúla a úsáideann an ÚBN le cuidiú tionchar scéim bhóthair a mhaolú agus a laghdú.

As na 171 measúnú geoifisice thochail comhairleoirí seandálaíochta próifisiúnta 79% ina dhiaidh sin. Baintear úsáid as na

Torthaí suirbhé maighnéadaiméadair (barr: líníocht léiritheach, bun: íomhá liathscála) ó Bhaile Bhoráin 1 Contae na Mí, lios luath-mheánaoiseach aimsithe ar an scéim mhótarbhealaigh M3 Cluain Aodha – Tuaisceart Cheannannais. Bhí ráta ratha 70% den fhad Dún Seachlainn – An Uaimh den M3 maidir le haistriú suíomh seandálaíoch trí shuirbhéireacht gheoifisiciúil. (Iomhá: GSB Prospection Teo)



sonraí seo faoi láthair le fáil amach ar éirigh nó nár éirigh le geofisic na seandálaíochta ar scéimeanna an ÚBN. Cé go bhfuilimid ag céim luath maidir le léirmheas na sonraí, is féidir réamhráitis áirithe a dhéanamh ó shampla de shuirbhéanna de 272 km rian bóthair ar fud na tíre. I measc na dteicnící bhí maighnéadaiméadaracht (366 heicteár), so-ghabhálacht mhaighnéadach (94 km) agus friotaíocht ithreach (5 heicteár). D'aithnigh geofisic sheandálaíoch thart fá 50% de na suímh sheandálaíocha a tochlaíodh (go pointe áirithe nó go hiomlán) sa sampla 272 km de rian bóthair.

Léiríonn anailís ar na sonraí na torthaí seo a leanas:

- Gur baineadh úsáid as suirbhéanna geofisice i 23 contae in Éirinn, ag tabhairt eolas maith ar tírdhreacha agus ithreacha inathraithe,
- Rinneadh 60% de na suirbhéanna i gCúige Laighean. Léiríonn seo an líon mór fiosrúchán a rinneadh feadh an M3 (scéim ina bhfuil 26 measúnú geofisice ar fad, is é sin 15% de shonraí an ÚBN ar fud na hÉireann), an M7/M8 agus an N9/N10.
- Tháinig 27% ó Chúige Mumhan. Tháinig an chuid is mó acu ón seachród M25 Chathair Phort Láirge agus cuid acu ón mhótarbhealach M20 Corcaigh-Luimneach atá molta.
- Tháinig 11% ó Chúige Connacht. Ina measc bhí measúnú 163 heicteár—achar chomh mór le 125 páirc peile ó cheann ceann—ón M6 Gaillimh-Béal Átha na Sluaighe, an limistéar suirbhéireachta gheofisiciúla is mó a tochlaíodh ó shin.
- Rinneadh 2% de na suirbhéanna i gCúige Uladh
- Rinne comhlachtaí Éireannacha 77% de na suirbhéanna geofisiciúla don ÚBN agus rinne conraitheoirí ón Ríocht Aontaithe an chuid eile acu. Le blianta beaga anuas tá níos lú conraitheoirí ón Ríocht Aontaithe ag déanamh oibre don ÚBN toisc go bhfuil comhlachtaí Éireannacha nua ann.

Chomh maith le léirmheas a dhéanamh ar na sonraí a fágadh ó na deich mbliana dheireanacha tá sonraí nua bailithe ag Clár Comhaltachta an ÚBN. Ina measc tá 35 suirbhé gheofisiciúla ar fud na tíre le tionchar athróg leithéidí aeráid, geolaíocht agus tírdhreacha ar ghnéithe



Seandálaithe an ÚBN Martin Jones agus Paul O'Keefe ag foghlaim radar do thaiscéaladh ithreach ó Heather Gimson ag ceardlann a d'eagraigh Earthsound Archaeological Geophysics. (Íomhá: Clár Comhaltachta an ÚBN, Earthsound Archaeological Geophysics)




An teicneolaíocht is déanaí – sa chás seo gléas nua leictreamaighnéadach – in úsáid ag an údar le measúnú an bhfuil sé fóirsteanach do scéimeanna bóthair. (Íomhá: Clár Comhaltachta an ÚBN, Ollscoil Bradford)

seandálaíocha. Táimid ag measúnú fosta na bhforbairtí is déanaí sa teicneolaíocht gheofisiciúil. Thug an obair allamuigh deis do sheandálaithe an ÚBN cuidiú le suirbhéanna geofisiciúla agus breathnú orthu chomh maith le foghlaim a dhéanamh ar na forbairtí agus na huirlisí is déanaí.

Tá dul chun cinn suntasach déanta i ngeofisic na seandálaíochta ó thaobh na teicneolaíochta de agus ó thaobh na modheolaíochta de le deich mbliana anuas. Sampla amháin d'athrú ar bhain an ÚBN leas as na méadú ar na cineálacha éagsúla uirlisí geofisiciúla is feidir a chur suas ar fheithicil amháin nó ar ardán. Chruthaigh siadsan méadú éifeachtach faoi thrí ó thaobh costas de maidir le luas agus tuairisciú suirbhéireachta ó bhí 2001 ann. Cad é atá le tairiscint sna deich mbliana atá le teacht? Táimid ag scrúdú úsáid agus forbairt na dteicneolaíochtaí agus dtreochtaí is déanaí le feiceáil cén dóigh gur féidir iad a chur i bhfeidhm i scéimeanna bóthair agus san am atá le teacht. Táimid ag measúnú uirlisí a thomhasann tréithe maighnéadacha agus leictreacha na hithreach; ceangail Bluetooth gan sreang idir uirlisí geofisiciúla, ríomhairí agus córais suite dhomhanda (CSD) gur féidir leo anailís sonraí a dhéanamh allamuigh ar an toirt; trealamh altach agus trealamh le mótar atá ábalta táirgiúlacht agus taifeach suirbhé a mhéadú chomh maith le teicneolaíochtaí trí thoise le cuidiú le doimhneacht suímh, chomh maith lena limistéar, a réamhinsint.

Tabharfaidh an léirmheas torthaí na suirbhéanna amach don phobal. Tá bailiúchán beag de thuairiscí geofisiciúla ar fáil le blianta beaga anuas ar shuíomh idirlín scéim M3 (www.m3motorway.ie/Archaeology); tá an chuid is mó de thuairiscí an ÚBN ar fáil go poiblí (i.e. Tá siad in Iarsmalann Náisiúnta na hÉireann agus i gCartlann an tSeirbhís Séadchomharthaí Náisiúnta), ach níl an rochtain ró-éasca. Chun seo a cheartú, mar chuid dár léirmheas, cruthófar bunachar idirlín don phobal ina mbeidh sonraí de shuirbhéanna geofisiciúla an ÚBN agus tuairiscí ó cheann ceann na tíre. Críochnófar an léirmheas i Meán Fómhair agus leanfaidh muid ag tuairisciú ár ndul chun cinn sna heagraí de *Seanda* atá le teacht.



Sinsearach agus anailís ag Baile Úilínigh

Thug anailís ar adhlachtaí na hIarnaoise Déanaí /na Luathmheánaoise tochailte ar an Scéim Bhóthair N9/N10 Cill Chuillinn-Port Láirge: Cnoc an Tóchair go Baile an Phaoraigh spléachadh dúinn ar bhunús geografach phobal Bhaile Úilíniigh.

Le Maeve Tobin, Oistéaseandálaí le Irish Archaeological Consultant Teo

Tá cnoic le réfhánaí ar bhruach na Deoire, a ritheann 1 km ar an taobh thiar de mar theorainn ag baile fearainn Baile Úilínigh, thart fá 3 km thoir ó thuaidh ó Dhroichead Binéad, Contae Chill Chainnigh. Thochail Yvonne Whitty grúpa de shuímh adhlachta idir 2007–8 (féach *Seanda*, Eagrán 4 [2009], lch. 19–21) agus de réir cosúlachta tírdhreach adhlachta ón idirthréimhse ón Iarnaois go dtí an tréimhse luathmheánaiseach atá iontu. Bhí ocht n-adhlacadh i reilig shinseartha, nó ferta, ag Baile Úilínigh 1 ina raibh ocht n-adhlacadh agus bhí cúig cinn acu suite san áit a dtéann díog fháinneach (Díog fháinneach 2) agus teorainn líneach trasna ar a chéile. Tochlaíodh dha dhíog eile anseo (Díog fháinneach 2 agus 3) agus clós mór neasfháinneach fosta. Reilig níos mó a bhí i mBaile Úilínigh 2, 550 m ó thuaidh ó Bhaile Úilínigh 1, agus bhí iarsmaí 94 duine inti. Fuarthas imfhálú agus suíomh eaglasta aithnithe (Taifead Séadchomharthaí agus

Áiteanna Uimh.KK024-020) c. 90 m ag dul siar. Taifeadadh suíomh meánaoiseach ardstádaís ag Cill Ria 3, 3 cil. a bheag nó a mhór thiar theas ó bhaile Úilínigh agus na deoire. Baineadh úsáid as Adhlacadh 34 ag Cill Ria, le dáta ón 7ú–9ú haois AD mar shampla cóimheasa san anailís ar a dtugtar cur síos thíos

Torthaí dátaithe

Thug dátú radacharbóin de Dhiog fháinneach 1 agus den chlós mhór dátaí Iarnaoise 203–53 RCh cail, agus 91 RCh cail–53 AD cail, faoi seach. (Tháinig an t-ábhar samplach ó Dhiog fháinneach 1 ó phríomhlíonadh na díge.) Ba chóir amharc ar dháta an chlóis go haireach, mar is léir gurb í tógáil an chlóis an tréimhse stratagrafach dheireanach ar an suíomh agus is féidir go bhfuil an t-ábhar dátaithe ionsáite agus go mbaineann sé leis an díog fháinneach (féach lch. 44–7 den eagrán seo fá choinne sonraí

breise). Tugadh dátú san luathmheánaois (426–546 AD cail) d'athghearradh de Dhiog fháinneach 1, comshaolach leis an ghníomhaíocht adhlachta dátaithe (429–558 AD cail. d'adhlacadh 8 agus 551–646 AD cail d'adhlacadh 2).

Ag Baile Úilínigh bhí fiórbheagán idirghearradh uaigneanna agus léiríonn seo, b'fhéidir nach raibh ach príomhtréimhse amháin d'úsáid shínithe den reilig ann. Thug dátú radacharbóin dáta le réimse ón chúigiú haois luath go lár an seachtú haois AD don ghníomhaíocht adhlachta ag Baile Úilínigh 2. Léiríonn iarsmaí ógantach an sórt adhlachtaí a bhí ann níos moille ag an suíomh (séu-seachtú haois), rud an-spéisiúil.

Thug adhlacadh 59, fear óg le píosa binne in aice leis, an dátú ba luaithe do gníomhaíocht adhlachta ag Baile Úilínigh 2 (427–544 AD cail). B'fhéidir go léiríonn comhaimsearhacht an adhlachta seo agus adhlachta 8 ag Baile Úilínigh 1 go raibh baint ag an bheann le 112 píocóid bhinne a fuarthas ó Dhiog fháinneach 1. Seans gur tugadh an píosa binne seo ó Bhaile Úilínigh 1 agus gur cuireadh é sa chéad adhlacadh b'fhéidir ag Baile Úilínigh 2 le béim a chur ar an cheangal idir an dá shuíomh.

ADN agus anailís eiseatóp stroitintiam

Rinne Keri A Brown ó Ollscoil Mhanchain anailís ar ADN samplach ar sheisear: duine



Adhlacadh ó Bhaile Úilínigh 2, fear óg curtha le píosa binne agus dátaíthe 427–544 AD cail. (Grianghraf: IAC Teo)



Duine óg (Adhlacadh 40) curtha ar chliabhach duine fásta a cuireadh i dtalamh (Adhlacadh 39) ag Baile Úilínigh 2. Taispeánann anailís nach raibh gaol máthartha idir an bheirt seo. (Grianghraf: IAC Teo)

amháin as Baile Úilínigh 1 (Adhlacadh 2), ceathrar as Baile Úilínigh 2 (Adhlacthaí 35, 39, 40 agus 59) agus duine amháin as Cill Ria 3 (Adhlacadh 4). Tógadh píosa amháin de chnámh fhada agus fiacail amháin as gach cnámharlach. Ní raibh caomhnú ADN ag Baile Úilínigh rómhaith agus, ní rabhthas in ann ach an méid ba lú a fháil dá bharr. Dheimhnigh tastáil ghnéis go raibh Adhlacadh 159 den chineál fireann agus Adhlacadh 4 den chineál bainneann agus aithníodh an t-adhlacadh óganta 35 mar pháiste mná.

Ceapadh roimhe gur léirigh páiste (Adhlacadh 40) a bheith curtha ar bhrollach adhlacadh duine fhásta níos luaithe (Adhlacadh 39) ag Baile Úilínigh 2 gaol clainne b'fhéidir. Cruthaigh anailís, áfach, nach raibh ceangal máthartha idir an bheirt (is é sin, ní raibh máthair agus páiste curtha le chéile). Ar an drochuair, ní rabhthas ábalta a rá cén cineál duine a bhí ann, mar sin de, b'fhéidir go raibh gaol eile ann (gaol athartha nó nós sóisialta eile), rud a ardaíonn ceisteanna faoi ionannas agus cion feidhme sa tsochaí.

Rinne Janet Montgomery agus Julie Milns ó Ollscoil Bradford anailís strointiaim chun an áit as ar tháinig an ceathrar seo a dheimhniú. Tagann an dúil cheimiceach strointiaim isteach sa chruan fiacilach nuair a tharlaíonn mianrú (is é sin, in aois na hóige), ag tabhairt ceangal buan leis na carraigeacha sa réigiún ina bhfuair an

duine bia agus deoch. Nuair a dhéantar comparáid idir an toradh seo agus an comhartha áitiúil, táimid ábalta patrún nó plódú i gceantar Bhaile Úilínigh nuair a bunaíodh na reiligi a fheiceáil. Fuarthas samplaí d'fhiacil cuil ó cheathrar—



Adhlacadh 8 ó Bhaile Úilínigh 1, fear óg dátaíthe 429–558 AD cail. (Grianghraf: IAC Teo)

Adhlacadh 2 agus 8 ó Bhaile Úilínigh 2, Adhlacadh 59 ó Bhaile Úilínigh 2 agus Adhlacadh 4 ó Chill Ria 3. Tá cóimheasa eiseatóp strointiaim an-difriúil ag an bheirt ón ferta ag Baile Úilínigh a léiríonn bunús éagsúil ar fad. Thug Adhlacadh 8, fear óg, sainfhreagairt a léirigh bunús áitiúil (aolchloch charbónmhar); ach ní léiríonn Adhlacadh 2, a fuarthas san áit a dtéann Díog Fáinneach 2 agus an díog theorann trasna ar a chéile, clár bia áitiúil. Tá sé suimiúil nach dtagann Adhlacadh 59 (an fear óg leis an bheirt) ó Bhaile Úilínigh 2 as an réigiún seo nó as réigiún aolchloiche ar bith eile. De réir cosúlachta, bhí an duine comhmheasa as Cill Ria 3, bean fhásta, ina strainséir sa cheantar. I measc féidearthachtaí taighde san am atá le teacht, tá anailís ar ghrádú eiseatóp ocsaigine na ndaoine seo a thaispeánfaidh bunús geografach níos cruinne nuair a chuirfear iad leis na torthaí strointiaim.

Conclúid

Deimhníonn na torthaí go dtí seo an míniú a thug muid ar an dá shuíomh ar dtús. B'fhéidir gur ferta í an reilig bheag ag Baile Úilínigh a cheanglaíonn pobal ag teacht isteach le tírdhreach naofa a bhí ann roimhe, is dócha. Léiríonn Baile Úilínigh reilig chlainne de phobal a bhí ag méadú ag tús na luathmheánaíse. Chuaigh an pobal seo trasna go dtí talamh eaglasta ar an taobh thiar nuair a d'éirigh deasgnátha adhlactha níos caighdeánaí.

Droichid chuig imeachtaí a tharla le gairid



Is iarsmaí iontacha d'oidhreacht tionsclaíochta an Chabháin ón 19ú haois iad na droichid ar chraobhlíne Midland Great Western Railway atá ligthe i léig anois.

Le Niall Roycroft, seandálaí an ÚBN le Foireann an Oirthir

Rinneadh suirbhéireacht ar dhá dhroichead iarnróid chosanta ar chraobhlíne Midland Great Western Railway (MGWR) atá i léig anois, mar chuid d'athailíniú an N55 ag Dún Deamhain, siar ó Chill Chóige, Contae an Chabháin. Na droichid a bhí igceist ná CV37003: Droichead Iarnróid Dhún Deamhain (Theas), áit nach mbeidh tionchar ar bith inti, agus CV37004: Droichead Iarnróid Dhún Deamhain (Thuaidh) atá le bheith díliostaithe, taifeadta agus leagtha go talamh.

Sa bhliain 1845, ghlac an Pharlaimint le hAcht Midland Great Western Railway, agus dhá bhliain níos moille, osclaíodh an chéad líne de chuid an MGWR ó Broadstone, Cathair Áth Cliath go dtí an Bothán Buí, Contae na Mí. Roimh 1851 bhí an tIarnród sínte go Baile Átha Luain agus i 1856 osclaíodh craobhlíne nua go Baile an Chabháin. D'imigh an líne seo ón phríomhlíne ag Gabhal Inny i gContae



Ráillí reatha iarnróid as a baineadh úsáid mar bhacainn tuairte ag ceann Droichead Dhún Deamhain (Theas)

na hIarmhí, agus thug sí paisinéirí go dtí 1947, agus ansin stoc agus earraí go dtí 1960.

Nuair a dúnadh an t-Iarnród, tógadh suas na ráillí, na trasnáin, na clocha agus cuaillí comhartha agus cuaillí eile. Téann roinnt tóchar domhain trasna an iarnróid. Tá ballaí ingearacha, le haghaidh cloiche gan chlúdach, ag an chuid is mó de na tóchair seo. De réir cosúlachta, chuaigh an t-Iarnród trasna na

Droichead Dhún Deamhain (Theas) atá foirgthe go trom le fiailí atá suite anois in aice leis an N55 athailínithe. (Grianghraf: Niall Roycroft)

dtóchar ar dhroichid le cearrchall iarainn. Tógadh na cearchaillí seo uilig suas agus caitheadh carnáin ithreach ar an dá thaobh de na tóchair chun iontráil de thaisme a sheachaint.

Tógadh dromchla reatha an iarnróid le sraith gearrthacha agus claífort le díoga ar na taobhanna le doimhneacht suas le 3 m Tugadh cuid de na claífort agus agus na gearrthacha



Scioból coitianta ó na 60í i gContae Thiobraid Árann, le fráma de ráillí reatha athúsáidte. Intlis: Tá 'G.N.R.C Ireland' ar an scríbhinn, rud a léiríonn go ndearnadh na ráillí don Great Northern Railway Company.



Ráillí reatha iarnróid úsáid mar bhacainn.



Ag scrúdú Droichead Dhún Deamhain (Thuaidh) le Paul McGovern ó Chomhairle Contae an Chabháin.



An tóchar faoi dhúshraith an bhóthar in aice le Droichead Dhún Deamhain (Thuaidh).

daoine agus na n-iarsmaí foirgte le fiailí scaipthe ar fud na tíre, ach tógadh iad go cúramach agus go haireach. Is fiú taifead mionchúiseach a dhéanamh de ghnéithe a leithéidí crosairí comhréidhe, geataí, comharthaí agus struchtúir eile nach iad.

Is fiú taifead mionchúiseach a dhéanamh de ghnéithe a leithéidí crosairí comhréidhe, geataí, comharthaí agus struchtúir eile nach iad.

isteach sna córais páirceanna den lá atá inniu ann, ach is féidir an líne a fheiceáil ó aerfótagraif go fóill.

CV37003: Droichead Dhún Deamhain (Theas)

Tugtar 'Dundavan Bridge' ar an droichead seo sa tríú heagrán de léarscáil Sé Orlach na Suirbhéireachta Ordanáis agus chuaigh an N55 a bhí ann roimhe trasna, ag ardú agus ansin ag dul anuas air. Tá an droichead ann go fóill, mar struchtúr scoite ar thaobh an N55 leathnaithe athlínithe atá ann faoi láthair. Léiríonn an droichead an cineál tógála coitianta ar baineadh úsáid as ar Chraobhlíne an Chabháin, ina bhfuil teanntaí i gcoinne a chéile le haghaidh d'aolchloch ghearrtha agus cúinní. Níl ballaí sciathanacha ann le claíocha an bhóthair a choinneáil siar, ach caitear na cúinní teannta amach beagán le tacaí a chruthú. Chuaigh an N55 trasna an droichid ar sé cearchaill-H chomhthreomhara iarainn (gaibhníthe i dTeilgchearta Bhaile Átha Cliath). Tá barra ceangail agus stua bríce rua idir gach cearchaill. Tá cúrsa eisléire amháin a ghobann amach agus ansin éiríonn an t-ábhar balla go dtí cúrsa na n-uchtbhallaí. Tá na huchtbhallaí ar an droichead féin amháin, agus tá, agus bhí, fála ar an bhóthar a théann chuig an chlaífort.

Is gné an-suimiúil na bacainní tuairte a tógadh sna 60í is dócha, ar thaobh an N55 sna háiteanna a n-éiríonn sé agus a n-íslíonn sé. Toisc nach raibh ach fál idir an bhóthar agus na claífort sa chéad dearadh, cuireadh bacainní ar thaobh an bhóthair ar eagla na heagla. Baineadh úsáid as na seanráillí a gearradh agus ar cuireadh boltaí iontu le claí láidir a chruthú. Cuireann siad i gcuimhne an líon mór bothán feirme a tógadh thart faoi thréimhse

dhíchóimeáil na n-iarnród a bhfuil fráma ráillí reatha athúsáidte orthu. Faightear trasnán go minic mar ursaineacha agus teorainneacha páirce ar fud na tíre.

CV37004: Droichead Dhún Deamhain (Thuaidh)

Tógann an dhroichead seo bóthar áitiúil os cionn an iarnróid. Tá dhá theannta le haghaidh d'eisléir caite gan aird i sraitheanna a éiríonn go rialta le cúinní tacaí a ghobann amach rud beag. Tá dhá bhalla sciathánacha ar an taobh thoir chun tacú le fál an bhóthair. Téann an bóthar ar shraith de sé cearchaill-H iarainn chomhthreomhara, le barraí ceangail agus stuanna bríce le háirsí tánaisteacha. Tá líne amháin d'eisléir a ghobann amach agus ansin tá trí shraith mhóra de bhloic eisléire ar a bhfuil cúrsa na h-uchtbhallaí. Is dócha gur deisíodh an t-uchtbhalla ó thuaidh le déanaí agus gur bhuail trácht a bhí ag tiontú ag an cheann thiar é. Tá tagarmharc SO (líne chothrománach le saghad ag teacht aníos) le feiceáil go fóill ar an uchtbhalla theas. Ghearr foireann na SO na marcanna seo le gréasán de phointí ar a tomhaiseadh go cruinn an airde os cionn airde na farraige (go lár na líne comhthreománaí).

Téann tóchar leathchiorclach faoin bhóthar i dtreo Dhroichead Dhún Deamhain (Thuaidh). Rinneadh an tóchar de chlocha gearrtha le háirsí stuachloiche snoite ag gach ceann. Téann an tóchar i líne dhíreach faoi chlaí an bhóthair agus tagann sé amach achar beag níos faide uaidh ó thuaidh. Bhí titim cloiche bheag ag amanna éagsúla feadh an tóchair seo.

Conclúid

Bhí stair measartha gairid ag an chuid ba mhó de na hiarnróid in Éirinn maidir le hiompar

Tugann clóis luathmheánaiseacha tochailte ar an N9/N10 i gContae Cheatharlach agus i gContae Chill Chainnigh léargas ar ghníomhaíochtaí teaghlaigh agus na gníomhaíochtaí adhlaclach den am sin.

Le Tim Coughlan, Seandálaí Sinsearach le Irish Archaeological Consultancy Teo

Sainmharc de chuid mhaith scéimeanna bóthair in Éirinn le blianta beaga anuas is ea fionnachtain chlós luathmheánaiseach tábhachtach. D'athraigh na cineálacha suíomh seo gan doiciméadú ár dtuiscint ar fhoirmeacha lonnaithe agus nósanna adhlaclach sa chéad chuid de na chéad mhíle bliain AD. Rinne Irish Archaeological Consultancy Teo. tochailtí feadh scéim


bhóthair Cill Chuillinn-Port Láirge N9/N10, Cnoc an Tóchair go Baile an Phaoraigh idir Bealtaine 2007 agus Aibreán 2008 agus scrúdaigh siad ceithre chlós den sórt seo: Cnoc Droinne 2, Cill Rí 3, Baile an Úilínigh 1 agus Ceann Caoirigh 1.

Cnoc Droinne 2


Bhí Cnoc Droinne 2, a thochail James Kyle,

suite ar réfhána lena haghaidh siar ar an spéirín tuaisceartach de Chnoc Droinne in aice le Cnoc an Tóchair, Contae Chill Chainnigh. Bothán Neoiliteach féideartha a raibh sraith de thrinsí sliotáin, poill phoist agus clais mhór aici mar theorainn, an gné ba luaithe a bhí ann. Bhí sé seo suite ó dheas den chlós níos déanaí. Rith bóthar/cosán le duirleoga (fad 75 m agus 1.6 m ar

Ag léiriú na beatha agus an bháis sa luathmheánaois



An t-imfhálú ag Cnoc Droinne 2, Contae Chill Chainnigh ag amharc siar ó dheas. (Grianghraif: Gavin Duffy, AirShots Teo)



An t-imfhálú agus na huaimheanna talún ag Cill Rí 3, Contae Chill Chainnigh, ag amharc siar ó dheas.

leithead) anoir aneas/siar ó thuaidh trasna leath deisceartach an tsuímh agus scoith cuid mhaith den suíomh theas de dhíog imfhálaithe agus na gnéithe taobh istigh di. Aithníodh isleáin líneacha cosúil le sleaigeanna feadh an chosáin, ach gnéithe draenála a bhí iontu, is dócha.

Bhí an phríomhdhíog imfhálaithe mar theorainn don limistéar inmheánach 65 m ó dheas aduaidh faoi 58 m siar anoir agus bhí bealach isteach le cabhsa aici ag tabhairt aghaidhe soir ó dheas. Thug na sraithheanna uachtaracha de líonadh na díge cos bhioráin le cóimhiotal copair le cruth fáinneach. Cuid de bhiorán le fáinne simplí agus lúb ag an charnán a bhí sa chos seo agus bhainfí úsáid asti ón 5ú haois AD ar aghaidh.

Roinn leagan amach de chlásáin líneacha agus cuara an spás taobh istigh den chlós i dtír chrios ar leith. Fuarthas cos de bhiorán le carnán fáinneach ón líonadh láir de cheann de na clásáin seo. B'fhéidir go raibh úsáidí éagsúla ag na limistéir seo, mar shampla lonnaíocht, talmhaíocht agus tionsclaíocht agus is féidir gur cuireadh iad in ord difriúil ag amanna éagsúla i rith lonnaíocht an tsuímh. Cé nár aithníodh bruach cinnte, ní dheachaigh an chuid ba mhó de na rannta inmheánacha chomh fada siar leis an díog imfhálaithe, rud a léirigh go raibh bruach inmheánach ann roimhe.

Léirigh trinse slíotáin 4.1 m trasna, sa cheathrú thoir ó dheas, suíomh tigh ciorclaigh le roinnt poll poist féideartha ag marcáil an bhealaigh isteach. Bhí clásán cuar agus an príomhbhrúach/díog imfhálaithe thart timpeall an tí. Aimsíodh teach dronuilleogach a thug faoi sa cheathrú thoir ó thuaidh. Bhí urlár duirleog ann a raibh cuid de fágtha le hábhar balla agus

líon áirithe de phoill phoist mhóra. Tugadh dátú radacharbóin 650–766 AD cailibrithe do líonadh pholl poist bainteach leis an teach dronuilleogach seo. Taifeadh trinsí slíotáin agus claiseanna beaga ina raibh cnámh óg iarainn in aice leis an struchtúr. Thug gnéithe eile ar an suíomh dátaí radacharbóin idir 650-890 AD.

Cill Rí 3


Bhí Cill Rí 3, a thochail Patricia Lynch, ar fhána ag tabhairt aghaidhe soir os cionn Ghleann na Feora, ó thuaidh ó Dhroichead Binéid, Contae Chill Chainnigh. Díog chiorclach, a bheag nó a mhór, c. 90 m trasna a bhí sa phríomhimfhálú (Díog 1). Ní raibh fianaise le múr inmheánach nó seachrach. I lár an imfhálaithe seo bhí imfhálú comhlárnach (Díog 2) c. 38 m trasna. Bhí bealach isteach go Díog 2 le feiceáil ar an taobh thoir agus, de réir cosúlachta, chuir síneadh níos déanaí ar an taobh thuaidh thoir (Díog 3) an áit ina raibh an bealach isteach chuig an phríomhimfhálú i bhfolach. Tháinig na líonta sa phríomhdhíog de thoradh sciorrthaí agus gláir, rud a léiríonn go raibh an díog oscailte ar feadh tréimhse, agus léiríonn na líonta uachtaracha gur cúl-líonadh an díog d'aon turas. Fuarthas dhá shíneadh ní ba lú ar an taobh thoir

ó thuaidh (Díog 3) agus ar an taobh thoir ó dheas (Díog 4) den phríomhimfhálú ach níor taifeadh gnéithe suntasacha ar bith taobh istigh díobh. Aithníodh líon de dhíoga draenála ó aimsir níos déanaí ar fud an tsuímh.

Fuarthas uaimh thálún shnoite (Uaimh Thalún A) ar an taobh thiar den phríomhimfhálú. Sloc anuas a bhí ann ar an taobh thoir a chuaigh síos le fánú leis go dtí pasáiste fada le dhá thiontú 90°. Chuaigh an pasáiste chuig seomra cearnógach 16m². Bhí poist adhmaid ina seasamh cruinn díreach agus líon áirithe de chláir dín dharach a thug uatha. Bhí fianaise le poist lofa ina seasamh cruinn díreach, rud a léiríonn gur athneartaíodh é le hadhmad. Bhí fianaise ann le dromchla urláir ina raibh miotal in áiteanna sa seomra agus sa phasáiste agus tugadh dáta 659–772 AD cail. do dhromchlár urláir an phasáiste seo. Fuarthas bileog iarainn agus inneoin iarainn bheag i líonta na huaimhe talún.

Is dócha go léiríonn pasáiste faoi thalamh, seomra féideartha agus sloc anuas sa taobh istigh thiar ó dheas de Dhíog 1 iarsmaí d'uaimh thálún eile (Uaimh Thalún B) toisc nach raibh fianaise le tógáil le cloch thirim nó le hadhmad le fáil. Taifeadh

Roinneadh limistéar taobh istigh den chlós ag Cnoc an Draighnigh 2 i dtír chuid a raibh úsáidí éagsúla acu b'fhéidir, mar shampla, lonnaíocht, talmhaíocht agus tionscal.



Na díoga fáinneacha larnaoiseacha agus agus an t-imfhálú meánaoiseach ag Baile an Úillnigh 1, Contae Chill Chainnigh, ag amharc soir.

Fuarthas blúire d'Earra Mín Afraiceach Dearg le dátú den séú haois. Iompórtáladh é ón Túinéis, is dócha.

dromchla urláir dlúthaithe sa phasáiste agus sa seomra chomh maith. Ní raibh fianaise le rampa idir an sloc anuas agus an pasáiste; is dócha gur baineadh úsáid as céimeanna nó dréimire le rochtain a fháil. Baineadh úsáid as an sloc níos moille mar pholl dramhaíola as a bhfuarthas bile shoitheach chopair agus blúire d'earra mín Afraiceach dearg. Iompórtáladh an blúire potaireachta seo ón Túinéis is dócha, agus tá dáta ón séú haois AD aige. Thug an uaimh thalún bróiste de chomhfhíochtaí copair, a fuarthas ón seomra.

Bhí cúig adhlacadh talún ar fad in áiteanna scoite ar fud an tsuímh: ceann amháin díreach taobh thiar den bhruach ó thuaidh de Dhíog 1; ceann amháin san áit a bhfuil Díog 2 mar theorainn (Adhlacadh 4) agus an cúigiú ceann suite 70 m ó dheas de Dhíog 4. Bhí na hadhlachtaí de chineálacha éagsúla agus agus i measc na fionnachtana a bhí baintach leo bhí scríobán briste, scian mhiotail, agus blúire de bhráisléad lignide. Thug Adhlacadh 4 dáta radacharbóin 691–881 AD cail. (Féach lch. 41 fá choine anailís bhreise ar an adhlacadh seo.)

Mar ghníomhaíocht mheánaoiseach níos déanaí ag Cill Rí 3, bhí áith le clúdach cloiche agus cruth poll eochrach taobh istigh de na líonta thoir theas de Dhíog 1. Bhí trí chéim d'úsáid le feiceáil san áith seo. Tochlaíodh cuid d'áitheanna níos lú agus trí áith mhiotalóireachta, ina raibh gualach, slaig agus cré dhóite fosta. Thug líon áirithe de dhraenacha páirce agus clais mhór líonta le clocha fianaise leis an ré iarmheánaiseach.

Baile an Úilínigh 1

Bhí Baile an Úilínigh, a thochail Yvonne Whitty, suite ar an dhroim thoir de Gleann na Feora, ag dul soir ó thuaidh ó Dhroichead Binéid, Contae Chill Chainnigh. Suíomh ilphasach a bhí ann, le trí dhíog fháinneacha a léirigh gníomhaíocht Mheániarnaoiseach ar an suíomh. Scoith díog theorann líneach mheánaoiseach fhéideartha an dá dhíog fháinneacha níos lú ar an taobh thuaidh den suíomh. De réir dealraimh, léiríonn adhlactha níos déanaí in aice leis ferta (reilig shinsearach), go bhfuil baint aige, b'fhéidir, le reilig luathmheánaoiseach eile ag Baile an Úilínigh 2, 550 m ar an taobh thuaidh (féach l.40). Athghearradh an díog fháinneach níos mó sa ré luathmheánaoiseach, is dócha, agus thug an líonadh den athghearradh dáta 426–546 AD cail. Thug adhlacadh ferta (Adhlacadh 6) dáta radacharbóin 551–646 AD cail.

D'athúsáid an díog theorann luathmheánaoiseach (40 m trasna) cuid den teorainn líneach Iarnaoiseach agus bhí cabhsa aici mar bhealach isteach ar an taobh thoir. Ní raibh struchtúir nó ghnéithe dearfacha taobh istigh le míniú

go raibh sí comhaimseartha leis an imfhálú luathmheánaoiseach. Thug an líonadh ón díog theorann dáta luathmheánaoiseach (91 RCh cail–53 AD cail.), ach toisc go léiríonn an stratagrafaíocht go soiléir go dtagann an t-imfhálú tar éis na n-adhlactha ferta, síltear go bhfuil baint ag an dáta seo le gníomhaíocht dhíg fáinní níos luaithe, a meascadh níos moille leis na líonta sa díog. Is dócha go léiríonn na gaolta stratagrafaíochta go bhfuil dáta chan níos luaithe na an seachtú haois ag an imfhálú.

Cúinne Caoraigh 1


Imfhálú le díog dhúbailte ar thalamh réidh in aice le Seanleithghlinn, Contae Cheatharlach, a bhí i gCúinne Caoraigh 1, a thochail Sinéad Phelan. Níor tochlaíodh ach 10–15% den díog theorann agus tá an chuid is mó den imfhálú caomhnaithe taobh thiar de rian an bhóthair. Aithníodh díog sheachtrach le cabhsa mar bhealach isteach ar an taobh thoir theas. Aithníodh díog inmheánach níos luaithe fosta agus is eol dúinn go raibh sí ann sular tógadh an díog sheachtrach a scoith í ag a ceann tuaisceartach. Thug an díog inmheánach dáta radacharbóin 429–568 AD cail. Taifeadadh sraith sé pholl poist ar an

taobh theas den suíomh; is struchtúr botháin féideartha iad scoite ag an díog sheachtrach. Fuarthas poill phoist eile in aice leis an bhealach isteach, agus is féidir go dtaispeánann siad go raibh geata ann. Thug ceann acu dáta radacharbóin 651–765 AD cail.

Rinneadh siurbhé geoifisice i mí na Samhna 2007 a dheimhnigh fairsinge na ndíog seachtrach agus na ndíog inmheánach. Léiríonn na torthaí ón siurbhé agus ón tochailt gur tógadh an díog níos mó in áit na díge inmheánaí níos luaithe, ach nár mhéadaigh sí an t-imfhálú go mór.

Conclúid

Tugann na ceithre imfhálú luathmheánaoiseach a aimsíodh mar thoradh na dtoghailtí ar an chuid seo den N9/ N10 léargas dúinn ar na gníomhaíochtaí teaghlaigh agus adhlactha ag an am sin. Deimhníonn siad go raibh pobail luathmheánaoiseacha faoi leith ar fud an tírdhreacha. Láthair áitreabh feirme a raibh baint ag gach ceann acu le haonad teaghlaigh amháin a bhí sna suíomh seo, is dócha, ag Cnoc Droinne 2 agus Cill Rí 3 go háirithe.



Suirbhé geoifisice agus torthaí tochailt ó imfhálú le díog dhúbailte ag Cúinne Caoraigh 1, Contae Cheatharlach. (Íomhá: Target Archaeological Geophysics agus Irish Archaeological Consultancy Teo)



Ag súgradh leis an tseandálaíocht.... níl tú i ndáiríre!

Baineadh úsáid as teicneolaíocht chluiche ríomhaire chun atógáil amhairc de shuíomh tírdhreacha de theach Luathneoiliteach a chruthú.

Le Ken Hanley, Seandálaí an ÚBN leis an fhoireann theas

Tomhaistear go bhfuil luach €38 billiún ar fad sa bhliain ar thionscal na gcluichí ríomhaire i dtéarmaí ioncain iomláin (bogearraí amháin).

Airgead mór atá i gceist agus mar sin, ba chóir duit a bheith ag dúil le cluichí fiúntacha a fháil agus tá fiúntas sna cluichí seo gan amhras. Má



Topagrafacht áitiúil de shuíomh tí Luathneoiliteach a tochlaíodh ag Barra na nGabhar, in aice le Baile an Chollaigh, Contae Chorcaí. (Iománna: Ken Hanley)

imríonn tú iad nó mura n-imríonn tú, rachaidh réalachas na dtimpeallachtaí a chruthaítear sna cluichí nua-aimseartha i bhfeidhm ort agus ní bheidh neart agat air. Rud níos suntasaí fós, ná má úsáideann sé go simplí na heagarthóirí leibhéal a thagann leis na cluichí seo, is féidir leis an 'imreoir' cluichí a oiriúnú go héasca d'úsáidí nach mbaineann le cluichí, mar shampla chun tírdhreacha stairiúla a chruthú agus a thaiscéaladh. Próiseas casta a gcaitear a lán ama air atá i gcruthú timpeallachtaí fíorúla ó chanbhás bán, próiseas nach bhfuil na scileanna nó an t-airgead ag an chuid is mó de na seandálaíthe dó, b'fhéidir. Ar an ábhar sin, nuair atá siad ábalta tarraingt ó bhogearraí ríomhaire saora, inathraithe, lena ngrafaic nua-aimseartha, lena soifisticiúlacht agus lena ngliceas, tugann seo slí dóibh dóigheanna nua a chur i bhfeidhm go han-aistéitiúil, agus (níos tábhachtaí fós), go réadúil agus go spreagúil.

Bogearraí cluiche a thugann amharcléirithe le húsáid eile

Is staidéar measartha nua í an tseandálaíocht a d'éirigh as ré ársaíochta sa 19ú haois, sular aibigh sí mar ábhar croschineálach roimh dheireadh an 20ú haois. Tháinig moll mór teicneolaíocht ríomhaire réalachais fhíorúil (RF) isteach sna 1990í as ar baineadh úsáid le taispeántáin oidhreachta fíorúla a chruthú, ach mar a léirigh tráchtairí áirithe, bhí na hiarrachtaí seo seasc ó thaobh na timpeallachta de go minic, gan na gnéithe dinimiciúla a fheictear sa domhan ceart. Agus is féidir a rá gur tús mealltach a bhí sa ré RF seo, nár chomhlíon na féidearthachtaí a bhí i ndán di. Ach cad é faoin 21ú haois? Chonaic na chéad deich mbliana pléascadh de theicneolaíochtaí geospásála sa tseandálaíocht, le cuidiú ó chumhachtaí próiseála ríomhaire a bhíonn ag méadú an t-am ar fad agus ó acmhainn chuimhne bholgach. I gcomhthreo leis seo tháinig ré nua d'innill bhogearraí do chluichí ríomhaire ardchaighdeán. Rud suntasach ná go ndearnadh forbairt ar níos mó ná 600 inneall chluiche tráchtála go dtí seo, de réir tomhas áirithe. Ina measc cinn a bhfuil ráchairt orthu, mar shampla, id Tech 3 engine (1999), id Tech 4 engine (2003) a lean é. Unreal Engine 2 (2003), CryENGINE (2004), Source Engine (2004) agus Jupiter Extended (2005)—agus bíonn gach inneall nua ag éirí níos soifisticiúla maidir le dinimiceas an fhóirdhomhain fhísiúil gur féidir leo a chóipeáil.

Amharcléiriú mar 'íomhá dheas'

Tugann amharcléirithe inneall cluiche deis do dhearthóirí cúlra tírdhreacha iontach a chruthú do shuíomh sheandálaíochta taobh istigh de thír-raonta múnlaíthe. Cuireann bogearraí cluiche nua-aimseartha smacht sofaisticiúil ar eilimintí físiúla, mar shampla, spéartha, aimsir, gaoth, solas gréine, scáileanna, fásra, foirgnimh, aibhneacha, agus réimsí talún. As na samhlacha seo, is féidir amharcléirithe aeistéitiúla an-réadúla a chruthú mar chomhaid íomhá. Is féidir iad a cheapadh ó shuíomh ar bith, le solas ar bith, ar scála ar bith. Cé go bhfuil siad ar leibhéal íseal maidir le feidhmiú bhogearraí cluiche, is dul chun cinn iad na 'pictiúir dheasa' seo, áfach, i dtaca le líniócht sheandálaíoch.

Amharcléiriú mar eispéireas idirghníomhach
Is féidir le bogearraí inneall cluiche i bhfad níos mó ná sin a dhéanamh. Mar atá le feiceáil, is féidir le bogearraí cluichí eispéireas an-réadúil, iomasach idirghníomhach a thabhairt isteach idir an duine a úsáideann é agus an domhan fíorúil a chruthaíonn siad. Thig leis an eispéireas idirghníomhach a bheith ilchéadfach le hidirghníomhaíocht radharcach, idirghníomhaíocht bhéil, idirghníomhaíocht ó chluais agus fiú trí thadhal saorga ag éirí príomhshruthach. Is féidir le hidirghníomhaíocht mar seo a bheith pearsanta nó roinnte agus is féidir í a fháil go háitiúil nó go domhanda toisc go bhfuil an teicneolaíocht idirlín i ngach áit.


Amharcléiriú mar cheardlann thurgnamhach
Ach mar gheall ar aibíocht bhogearraí cluiche sna chéad deich mbliana den 21ú haois, tá an teicneolaíocht seo chomh mór sin chun tosaigh gur tharraing sí aire a lán grúpaí eolaíochta ardnósacha agus, dá bhrí sin, athainmníodh bogearraí mar “cluichí tromchúiseacha” (go tiarnúil, rud beag). Dúradh gur “dara teacht” na RF-anna na cluichí seo, toisc gur baineadh úsáid astu go suntasach in insamhlúcháin idirghníomhacha ina bhfuil a lán ábhair oideachasúil. Rangaigh taighdeoirí feidhmchláir éagsúla nua de bhogearraí inneall cluiche san oideachas, i dtraenáil agus i dtaighde do ghrúpaí eolaíochta, leighis agus míleata.

Ag súgradh leis an Ré Neoiliteach

Mar chuid de cheacht fadfhoghlama d'Ollscoil Birmingham don chúrsa MA sa tSeandálaíocht Thírdhreacha, GIS agus timpeallachtaí amharcléirithe, rinne an t-údar iarracht timpeallacht tírdhreacha do theach Neoiliteach, a thochail Ed Danaher i 2002 ar Sheachróid Bhaile an Chollaigh N22 in aice le Baile an Chollaigh, Contae Chorcaí a chruthú, ag baint úsáide as bogearraí cluiche ríomhaire. Thaispeáin an tochailt na hiarsmaí ag bonn tí adhmaid fho-dhronuilleogaigh, ach fíorbheagán eile. Go ginearálta, is é an íomhá shuntasach a fhaightear ó shamplaí de shuímh de thithe Luathneoiliteacha (c. 4000–3500 RCh) in Éirinn ná pobal feirmeoirí ina chónaí i dtithe gan chosaint go hiondúil, i ngrúpaí scaoilte, ag saothrú ceapacha éagsúla le beagán struchtúir lena lán coillte ar fáil go háitiúil. Tá mána ísle (30 m os cionn leibhéil na farraige) a théann trí ghleann geolaíoch i bhfolach ar a dtugtar Gleann Chorcaí mar thírdhreach an tí Luathneoilitigh ag Barr na nGabhar.



Radharc mionsamhla cruthaithe go gasta bunaithe ar thopagrafach an fhíordomhain.



Radharc scáileáin ó Sandbox 2 ag léiriú iompórtáil léarscáil airde fhíordomhain ag taispeáint topagrafach cheantar Bharra na nGabhar.

Na huirlisí uilig atá de dhíth ort—agus sin ar €6!

Rinneadh an t-amharcléiriú ag baint úsáide as *Crysis*, físchluiche lámhaigh chéadphearsa a d'fhorbair Crytek agus a d'fhoilsigh Electronic Arts le húsáid ar ardán Microsoft Windows. Tá an t-inneall cluiche cumhachtach CryENGINE 2 sa chluiche atá ar fáil ar líne faoi láthair ar thart faoi €6 agus istigh leis chomh maith tá Sandbox 2, eagarthóir leibhéal a ligeann d'imreoirí leibhéil a oiriúnú agus atá fóirsteanach le tír-raonta móra a mhúnlú go speisialta. Go criticiúil, is é an buntaiste is mó a bhaineann le Sandbox 2 ná

go ligeann sé do léarscáileanna airde a bheith iompórtáilte isteach sa tsamhail amharcléirithe. Tá eagarthóir réad-ama, mapáil thuairtealach soilse dinimiciúla, córas gréasáin, córas fisice imeasctha, scáilitheoirí, tacaíocht scáile agus córas ceoil dinimiciúil ann agus tugann siad uilig roghanna uirlisí suntasacha chun samhlacha radhairc sa tsamhail a athrú. (Dóibh siúd a bhfuil suim acu ann, tá CryENGINE 3 ar díol anois agus tagann trealamh bogearraí forbartha aonair leis). Rinneadh samhlacha struchtúir breise fosta, ag baint úsáide as Google SketchUp (Leagan 8), íoslódáil saor in aisce. Cuireadh béim ar amharcléiriú tírdhreacha ginearálta ach rinneadh samhail den teach Luathneoiliteach go gasta ag baint úsáide as Google SketchUp. (Tá fadhbanna áirithe bainteach le hiompórtáil samhlacha struchtúir seachtracha isteach in *Crysis*, ach is féidir cuidiú ó bhogearraí tríú páirtí, mar shampla ó PlayUp agus tacaíocht ar líne eile.)

Chun an tír-raon in aice leis an áit lonnaithe Neoiliteach a mhúnlú, athraíodh spotairdí gach 10m a tógadh don réigiún go hionmhá thopagrafach, le codanna bána ag léiriú an talamh níos airde agus codanna níos dorcha ag léiriú talamh níos ísle. Ó thaobh istigh de



Cuireann fearais – adhmaid ag dó agus uirlisí feirme, mar shampla, le timpeallacht fheimeoireachta den suíomh.

CryENGINE 2 chruthaigh Sandbox 2 leibhéal nua agus iompórtáladh an íomhá thopagrafach mar léarscáil airde. Mar gheall ar an spás spotairde 10 m ar an chéad suirbhé, is gá an tsamhail dhromchla shíolraithe CryENGINE a mhíniú go mór.

Ag déanamh samhla den timpeallacht

Taobh istigh den eagarthóir leibhéal, rinneadh roinnt cóipeanna den tsamhail den teach Neoiliteach chun éifeacht de líon mór tithe i ngrúpaí scaoilte a chruthú. Cuireadh struchtúir eile, cró ainmhithe, mar shampla, níos déanaí ach ar son éifeachta amháin. Leis an tír-raon réadúil curtha isteach sa tsamhail bhíodhas ag ladhráil leis an eagarthóireacht leibhéal in Sandbox 2 le samhail radhairc phléisiúrtha a chruthú. Baineadh úsáid as téarmaí samhaltaithe ó chlár agus feidhmiú uirlisí d’aon turas chun go mbeadh na daoine ar mhaith leo samhlacha a dhéanamh ábalta iad a chóipeáil.

Uigeacht dhromchla

Nuair a bhí an léarscail airde ina háit, cuireadh uigeacht dhromchla aonchineálach isteach san Eagarthóir Shraitheanna Tír-raona, ag baint úsáide as plains_grass_green.dds. Ina dhiaidh sin, nuair a cuireadh crainn agus fásra eile isteach cuireadh uigeacht dhromchla bhreise leis mar shampla, forest_ground_soil.dds do limistéir faoi chrainn, agus mud_ground.dds le cosáin/raonta caite a léiriú.

Fásra

Cuireadh réimse fásra isteach ag baint úsáide as RollupBar agus ina measc bhí crainn chnoic agus crainn eile le méid éagsúil, cineálacha éagsúla d’fhéar agus toin, agus geadáin fhoraoise d’áiteanna ina raibh crainn. Sna cásanna uilig cuireadh an Sizevar ag 2 nó 3 agus cuireadh na rudaí éagsúla le scáileanna a thabhairt nó a ghlacadh agus cuireadh

AlphaBlend ag “fíor”. Baineadh úsáid as ElevationMin agus ElevationMax mar mhaisc shraitheanna do dháileadh níos fairsinge crann mar chuid den suíomh tírdhreacha níos leithne.

Am lae agus solas


Cuireadh am lae go meánlae agus cuireadh rian luí na gréine go dtí ó thuaidh ó mheánchiorcal an domhain chun domhanleithead an réigiúin a mheaitseáil. Cuireadh treo sholas na gréine aneas ó thuaidh a bheag nó a mhór.

Boids

Chun go mbeadh mothú nádúrtha ar an timpeallacht, bhí sé an-tábhachtach beatha agus gluaiseacht a chruthú. Tugann an feidhmiú ‘Birds’ réimse de dhúile réamhbheoite. Cuireadh sraith nua darbh ainm Boids ar bun, agus ansin, ag baint úsáide as New Objects/Entity/Boids sa RollupBar, tarraingíodh an boid Birds isteach sa radharc agus cuireadh an boid



Ag cur ‘decal’ ‘clábair agus uisce’ ar an bhealach isteach chuig clós na n-ainmhithe ag tabhairt cuma chaite níos réadúla.



Radharc ardaithe ar áitreann Luathneoilteach, ag amharc ar thopagrafachth fihiórdhomain Ghleann Chorcaí.

(darbh ainm Birds1) isteach ina áit féin. Ar an dóigh chéanna, chun atmaisféar ghníomhaíocht áitimh a thabhairt don radharc, cuireadh boid Sicín isteach. Anseo arís, bogadh na socrúithe chun go mbeadh siad fóirsteanach don radharc a rabhtas ag súil leis (Caithfidh mé admháil bheag a dhéanamh anseo: níor tháinig sicíní go hÉirinn go dtí cúpla céad bliain ó thus ré na Críostaíochta!)

Ag péinteáil sraitheanna

Sa chlár Environmental RollUp, baineadh úsáid as an Layer Painter (Péintéir Sraitheanna), le rianta agus cosáin chaite go dtí na príomhghnéithe agus ar ais, mar shampla ón teach go dtí na goirt, idir na goirt féin, agus go dtí clós na n-ainmhithe agus ar ais a phéinteáil.

Péinteáladh cosáin a d'imigh ón áit lonnaithe chomh maith.

Fearais

Le cuma áitimh ina raibh daoine ag obair a chur ar an radharc, cuireadh roinnt uirlisí feirme adhmaid isteach (dréimire, spád, agus píce) ón chomhad uirlisí Library/Props/Misc/Farm. Chomh maith leis sin, cuireadh tine oscailte taobh amuigh ag léiriú adhmaid cruinnithe ag dó leis.

Decals

Faoi RollupBar Misc/Decal/MTL, cuireadh 'decals' isteach (ábhair dhromchla réamh-mhunlaidhe locáilte) chun éifeachtaí ardchaighdeán áirithe a fháil, mar shampla, an éifeacht de thalamh satailte nó ithreacha treafa.

Carachtair AI (Artificial Intelligence/ Intleacht Shaorga)

Ceapadh go raibh sé de dhíth daoine a chur isteach sa radharc le beatha a thabhairt don fheirm, ach chomh maith leis sin, le scála a thaispeáint. Mar sin, cuireadh carachtair AI aonchineálacha áirithe leis. Nuair is gá, is féidir patrúin iompair a thabhairt do charachtair le cur leis an radharc.

Amharcléiriú agus tuiscint: veicteoir chruinnithe nó eisréimneachta?

Toisc go bhfuil bogearraí samhaltaithe thríthoiseach agus amharcléirithe i ngach áit, beidh sé níos deacra agus níos deacra do sheandálaithe fanacht sna criosanna compoird de chur síos ar 'chlais agus poill phoist'. Beidh ar shaoithíní na seandálaíochta glacadh leis go bhfuil tuairimíocht de dhíth, ar scála mór fiú, chun hipitéisí a fhiosrú agus a scrúdú. Ach tá freagracht bainteach le sofaisticiúlacht atá ag méadú agus le hamharcléirithe digiteacha, áfach: ba chóir do thuairisc thochailte mhaith idirdhealú a dhéanamh idir fianaise agus tuiscint, agus ba chóir d'amharcléirithe maithe an rud céanna a dhéanamh. B'fhéidir go dtéann samhlaithe de shuímh agus de thírdhreacha 'Hollywood' i bhfeidh ort agus go bhfanann siad i do chuimhne, ach b'fhéidir nach ndéanann siad a lán maidir le fóirtheiscint. Is féidir le bogearraí chluiche ríomhaire cuidiú le seandálaithe agus saineolaithe eile i ngairmeacha gaolmhara hipitéisí a chruthú agus a scrúdú, agus chomh tábhachtach céanna, thig leo an pobal go ginearálta a tharraingt agus a theagasc ar dhóigheanna nach féidir leis an litríocht a dhéanamh ina haonar.



Ag gríosú samhlaíochta: ag baint an fhéir lá breá samhraidh 6,000 bliain ó shin!

An tSeandálaíocht



taobh istigh agus taobh amuigh den seomra ranga

Daltaí na hidirbhliana Choláiste Naomh Mael, Longfort, ag dul ar turas i rith thochoilte reilige mheánaoisí ar Sheachróid Longfoirt N5. Thochail Mandy Stephens ó CRDS Teo an suíomh seo. (Grianghraf: Deirdre McCarthy)

Fuair clár for-rochtana na scoileanna de chuid an ÚBN toradh fonnmhair ó na páistí a bhí páirteach ann i gContae Dhún na nGall, i gContae Longfoirt agus i gContae Ros Comáin.

Le Deirdre McCarthy, Seandálaí Cúnta leis an Fhoireann Thiar Thuaidh

Mar chuid de pholasaí leata an ÚBN, thosaigh seandálaithe leis an Fhoireann Thiar Thuaidh clár for-rochtana le bunscoileanna agus meánscoileanna ina réigiún agus taobh amuigh de. Ba é aidhm an chlár ná suntas a tharraingt ar shuímh sheandálaíocha nua agus fionnachtana iontacha feadh na scéimeanna bóthair i gceantar na scoile agus ar fud na tíre. Dhírigh sé ar dhá ghné: cuairt a thabhairt ar na scoileanna chun léachtaí le léaraidí a thabhairt, ag tarraingt suntas ar fhionnachtana, agus le cuairteanna a eagrú do mhic léinn feadh rian na scéimeanna bóthair molta.

Thug an t-údar cuairt ar thart fá 20 scoil agus chuir sí síos an fhianaise le luatháitritheoirí in Éirinn, agus mhínigh sí chomh maith an dóigh ar chruthaigh seandálaithe pictiúr de shaol na ndaoine seo trí iarsmaí tochailte. Bhí na mic léinn iontach díograiseach ag tabhairt a mbarúlacha féin ar mhíniú na suíomh. Tharraing na cainteanna suntas ar ról an tseandálaí i ndearadh bóthair, na cineálacha suíomh a fhaightear go ginearálta ar scéimeanna bóthair,

agus an dóigh ar chuidigh tochailt níos mó ná 2,000 suíomh feadh na scéimeanna bóthair náisiúnta linn an t-am a chuaigh thart a athchruthú. Bhí suim mhór ag na mic léinn fosta sna teicnící agus sna comhghnásanna a bhaineann le tochailt iarsmaí daonna agus an dóigh gur féidir le hanailís eolaíoch cuidiú linn inscne, aois, clár bia agus sláinte na ndaoine atá curtha a chinntiú. I rith fiosrúchán feadh Seachróid Bhealach an Doirín N5 (féach lch. 12–15 san eagrán seo) agus Seachróid Longfoirt N15 (féach *Seanda*, Eagrán 5 [2010], lch. 50–1), tugadh cuireadh do chuid de na mic léinn ó na scoileanna áitiúla cuairt a thabhairt ar shuímh áirithe i rith tochailte agus labhairt leis na tochailteoirí ar na teicnící agus na scileanna a bhaineann le tochailt suímh. Ar na cuairteanna uilig léirigh na páistí fiosracht nádúrtha, ag iarraidh eolas a fháil ar bhunús na nÉireannach agus díograis ag déanamh tuairimíochta ar na fáthanna éagsúla gur tháinig na luatháitritheoirí go hÉirinn. Ní raibh eagla ar bith ar na páistí ach oiread nuair a chuir siad ceist faoi theoiricí a léirigh na seandálaithe dóibh.

An an Chéadaoin, 15 Meán Fómhair 2010, thug seandálaí darbh ainm Deirdre McCarthy cuairt ar Rang 5, Scoil Náisiúnta Naomh Athracht i mBealach an Doirín, Contae Ros Comáin. Is seandálaí leis an Údarás um Bóithre Náisiúnta na hÉireann í. Thug sí potaireacht, clocha casúir, agus sáfach chnámhe léi le taispeáint don rang. Labhair sí ar dhaoine na Clochaoise agus na Cré-Umhaoise. Thug sí taispeántas sleamhnán dúinn fosta. Chinn ár múinteoir, Bean Uí Dhuíne, go ndéanfaimis tionscnamh ar 'Stair Shóisialta na hÉireann' ón Ré Mheigiliteach go Ré na gCeilteach.

Ar an 13 Deireadh Fómhair, chuaigh ár rang ar turas allamuigh faoi leith feadh rian Sheachróid Bhealach an Doirín N5. Bhí grúpa seandálaithe ag tochailt an tsuimh, a bhí cóngarach don lios atá ann faoi láthair, taobh amuigh de rian an bhóthair. Thaispeáin Deirdre an lios dúinn agus thug sí léarscáil dúinn a léirigh an áit a raibh sé. Labhair sí ar na daoine a bhí ina gcónaí sna liosanna agus thaispeáin sí dúinn pictiúir de na liosanna éagsúla a fhaightear in Éirinn. Ar an suíomh seandálaíoch, thaispeáin James Kyle, seandálaí eile, claiseanna eile, le dátú ón Chré-Umhaois. Bhain muid uilig an-sult as ár dturas allamuigh. B'fhiú muid féin a dhraoibeáil. Go raibh maith agat, a Dheirdre, as an stair a dhéanamh chomh réadúil sin dúinn.

Rang 5, Scoil Naomh Athracht, Ros Comáin

Ar an 14 Deireadh Fómhair 2010, chuaigh Scoil Náisiúnta Dom ar cuairt chuig áit ina raibh tochailt sheandálaíoch ar siúl, díreach taobh amuigh de Bhealach an Doirín. Eachtra iontach a bhí ann. Bhuail muid le Deirdre McCarthy agus James Kyle. Bhí lios in aice leis an suíomh. Anois is féidir liom a rá gur sheas mé ar an bhealach



Daltaí ó Scoil Náisiúnta Dom, Ros Comáin i rith a gcuairte ar tochailt ag Taobh Breacán 2 ar Sheachróid Bhealach an Doirín N5 in aice le James Kyle, Stiúrthóir Tochailte, Irish Archaeological Consultancy Teo agus Deirdre McCarthy, Seandálaí Cúnta an ÚBN. (Grianghraf: Gráinne Leamy)

sin sular tógadh é. Thaitin an an tochailt go mór liom.

Clare Sampy, Rang 4, Scoil Náisiúnta Dom, Ros Comáin

Shíl mise go raibh tochailt na seandálaithe casta, ach dochreidte.

Thaitin sé go mór liom go raibh muid inár seasamh in aice le rud a bhí ann fada ó shin. Dhraoibeáil muid muid féin, ach b'fhiú é.

Erica Sampey, Rang 4, Scoil Náisiúnta Dom



Daltaí ó Rang 2 agus 3 Scoil Náisiúnta, Droim Eochaille, Dún na nGall, ag scrúdú macasamhla de dhéantáin cloiche i rith chuairt an tseandálaí ar a scoil. (Grianghraf: Deirdre McCarthy)



Daltaí ó Scoil Náisiúnta, Dom, Ros Comáin i rith a gcuirte ar thochoilt ar Sheachróid Bhealach an Doirín N5. (Grianghraf: Gráinne Leamy)

Thaitin an tochoilt sheandálaíoch go mór liom inniu. An chuid ab fhearr domsa ná feiceáil cad é mar a bhí saol na ndaoine roimhe.
Emma O'Connor, Rang 4, Scoil Náisiúnta Dom

D'fhoghlaim mé go bhfuil an stair níos casta ná mar a smaoinímid.
Arron Green, Rang 5, Scoil Náisiúnta Dom.

Nuair a bheidh mé níos sine, agus nuair a bheidh an bealach tógtha, beidh mé ábalta a rá gur sheas mé san áit a raibh daoine ina gcónaí.
Nicole Finn, Rang 5, Scoil Náisiúnta Dom

Thaitin an tochoilt go mór liom toisc go raibh sí ar siúl ar shuíomh an-stairiúil. Deis iontach a bhí ann, agus chonaic muid fríotha ón suíomh.
Niall Duffy, Rang 5, Scoil Náisiúnta Dom

Chuaigh muid ar tochoilt sheandálaíoch inniu, agus bhí sé go hiontach. Chonaic muid rudaí iontacha agus bhí lá ar dóigh agam,
Shannon McDonagh, Rang 5, Scoil Náisiúnta Dom

Inniu fuair mé eolas ar liosanna—tá níos mó ná 60,000 lios in Éirinn agus tá siad ar na hiontais is coitianta. Ba chóir do gach duine dul ar tochoilt sheandálaíoch.
Stephen O'Gara, Rang 5, Scoil Náisiúnta Dom

Chuaigh Scoil Náisiúnta Dom chuig tochoilt sheandálaíoch. Chuaigh muid go gasta isteach sa bhus a lean Deirdre go dtí an suíomh. Bhí sceitimíní orainn go léir. Bhí muid uilig ag caitheamh ár mbuataisí. Bhí sé clábarach agus bhí sé fuar. Ar an chéad dul síos d'amharc muid ar léarscáil. Léirigh sí na suímh sheandálaíocha uilig sa cheantar. D'amharc muid ar lios atá cóngarach don suíomh atá á thocailt. D'amharc muid ar an suíomh seandálaíoch ina dhiaidh sin, áit a bhfuil díog fháinneach a bhfuil baint aici leis an lios, b'fhéidir. Is féidir gur choinnigh na daoine a bhí ina gcónaí sa lios a n-ainmhithe ansin, mar shampla bá, caoirigh agus muca. Bheadh mór ard aici chun nach mbeadh



Daltaí idirbhliana ó Choláiste Naomh Mael ag foghlaim faoi áith a tochlaíodh ag Mullach ó Stiúrthóir Tochailte, Mandy Stephens. (Grianghraf: Deirdre McCarthy)

na hainmhithe ábalta dul amach. Ina dhiaidh sin, d'amharc muid ar na poill ina raibh na seandálaithe ag tochoilt. Bhain daoine úsáid as na claiseanna fada ó shin. Bhain na daltaí ó Scoil Náisiúnta Dom an-sult as a lá ar an suíomh.

Josh McDermott, Rang 5, Scoil Náisiúnta Dom.

Fuair mé eolas ar shaol na ndaoine míle bliain ó shin. Bhí sé an-suimiúil.

Stephen Hayden, Rang 6, Scoil Náisiúnta Dom

Stad an bus agus chuaigh na páistí go léir isteach, bhí muid ag dul le cuairt a thabhairt ar thochoilt sheandálaíoch. Thug Deirdre léarscáil

an cheantair agus comhad fíricí dúinn. Thaispeáin James dúinn cuid den suíomh ar baineadh úsáid as le stoc a choinneáil agus cuid eile inar caitheamh dramhaoil ó mhíotalóireacht b'fhéidir. Chuaigh muid i líne le grianghraf a fháil agus ansin chuaigh muid isteach sa bhus agus chuaigh muid ar turas bus tras tíre. Lá spéisiúil a bhí ann.

Peter Curry, Rang 6, Scoil Náisiúnta Dom.

Tháinig seandálaí darbh ainm Deirdre ón Údarás um Bóithre Náisiúnta chuig an scoil. Chuir sí síos ar chuma na chéad daoine agus ar a dtithe, a gcuid bia agus a n-airm. D'ith na chéad daoine cnónna, dearcáin, beacáin, méara agus fianna. Bhí na chéad daoine ina gcónaí i mbotháin bheaga. Fulachtaí fia a thugtar ar na háiteanna ina dtéann siad clocha a chuireann siad i bpoll mór lán d'uisce agus baineann siad úsáid aisti do chócaireacht agus chun iad féin a fholcadh. Tá fulachtaí fia ar na rudaí is coitianta atá le feiceáil ar na scéimeanna bóthair.

Thomas Reynolds, Rang 2, Scoil Náisiúnta Talamh na Coille, Dún na nGall

Tháinig Deirdre an seandálaí chuig an scoil agus labhair sí linn faoi na suímh a thochail siad ar na scéimeanna bóthair. D'fhoghlaim muid gur thóg na chéad daoine in Éirinn botháin ach níor mhair na botháin ach tamall. Fuair na seandálaithe amach cén áit a raibh na botháin. Bhí poill sna tithe chun an toit a ligean amach. Fuair na seandálaithe fulachtaí fia idir portaigh agus talamh tirim. Fuair muid eolas ar liosanna agus uaimheanna talún.

David Sparks, Rang 2, Scoil Náisiúnta, Talamh na Coille.

Uaireanta nuair a thógtar boithre, faightear seanrudaí ón am a chuaigh thart faoin talamh. Is féidir le seandálaithe fáil amach cad é atá iontu agus a n-aois. Is féidir gur cnámharlaigh, potaireacht, míotal agus rudaí eile na fionnachtana seo a insíonn dúinn an dóigh ar mhairigh na daoine san aimsir fadó. Is ionann muidne agus iad. Thóg siad umair adhmaid dhronuilleogacha in aice le portaigh ar a dtugtar fulachtaí fia. Baineadh úsáid as fulacht fia do chócaireacht agus d'fholcthaí. Rinne siad tine chun é a théamh, chuir siad clocha teo ar an tine agus ansin chuir siad na clocha teo san uisce agus théigh na clocha teo an t-uisce.

Rachael Sullivan, Rang 2, Scoil Náisiúnta, Talamh na Coille.

Thart fá 65,000 bliain ó shin chinn daoine san Afraic a dtír a fhágáil agus taisteal chuig áit níos fearr. An bhfuil a fhios agat,



Daltaí ó Rang 2, Scoil Náisiúnta Talamh na Coille ag seó sleamhnán a thug Deirdre McCarthy i rith a cuairte ar an scoil. (Grianghraf: Tony Blake)

ní raibh carranna acu, agus bhí orthu siúl. Ach faoi dheireadh, tháinig siad go hÉirinn. Bhí na daoine sin an-chliste, mar sin de bhailigh siad bia, agus feoil, uirlisí seilge agus adhmaid chun tithe a thógáil agus le tinte a dhéanamh.

Tosaíonn scéal suimiúil faoi na hUigingigh in Éirinn. Fadó, fadó, rinne na hUigingigh ionradh ar Éirinn. Chuaigh siad i long ó thír go tír. Ghoid siad ór ar fud na hEorpa, ach ghoid siad an chuid ba mhó de sna háiteanna ina raibh na manaigh. D'éirigh siad tuirseach den robáil, mar sin thóg siad túr ollmhór agus chuir siad a gcuid óir ansin agus bhí an doras leath bealaigh thuas sa túr.

Pierre Meyer, Rang 2, Scoil Náisiúnta, Talamh na Coille.

Tháinig seandálaí chuig ár rang; Deirdre an t-ainm a bhí uirthi; thug sí a lán eolais dúinn. Sa Ré Neoiliteach agus sa Chré-Umhaois rinneadh tithe d'adhmaid. Tá sé sábháilte cónaí iontu. Sula ndéanann siad na bóithre, tochlaíonn siad an talamh le bheith cinnte nach bhfuil rud ar bith ansin. Is feidir linn a lán a fhoghlaim faoi shaol na ndaoine má dhéanaimid taighde ar na cnámharlaigh atá tochailte.

Keeley Harris, Rang 2, Scoil Náisiúnta Talamh na Coille.



Rang 2, Scoil Náisiúnta Talamh na Coille, Dún na nGall, le Deirdre McCarthy i rith a cuairte ar an scoil. (Grianghraf: Tony Blake)

ADN

Is aigéad núicléasach snáithe dúbailte ADN (aigéad dí-ocsairibeanúicléasach) ina bhfuil an dá snáithe casta in héilics timpeall a chéile. Is ann atá an fhaisnéis ghéiniteach atá i núicléas na gcealla uile agus is é is bunús oidhreachta i ngach orgánach cé is moite víris.

Angla-Normannach

Ba shliocht na Normannach a rialaigh Sasana i ndiaidh choncas Liam na Normainne sa bhliain 1066 AD a bhí sna hAngla-Éireannaigh. Ba thiar sa bhliain 1169 AD a rinne na hAngla-Normannaigh ionradh ar Éirinn.

Babhla cairíonach

Cineál soithigh criadóireachta ón Aois Neoiliteach Luath le gualainn faoi leith , scrogall mín cuasach agus bile iompaithe amach.

Breochloch

Cloch chrua shobhrسته shiliceach le tréithe briste sliogán atá an-fhoirsteanach do shaothrú uirlisí le faobhar.

Córas Eolais Tíreolaíoch

Córas ina dtagann cairtghrafaíocht, anailís staitisticiúil agus teicneolaíocht bhunachair chun sonraí atá bainteach leis an tíreolaíocht a chomhtháthú, a stóráil, a láimhsiú, a mhionscrúdú agus a thaispeáint.

Córas Suite Domhanda

Cuireann Córas Suite Domhanda (CSD) domhanfhad agus domhanleithead do shuí ar an talamh ar fáil, ag déanamh tagartha do shatailítí. Mar sin, ceadáíonn sé suirbhéireacht chruinn agus ghasta agus mapáil gnéithe ar an dromchla.

Crannóg

Lonnaíocht locha le dátú ón Luath-Mheánaois go ginearálta, tógtha ar oileán saorga nó ar oileán méadaithe go saorga.

Créamadh

Nós corpáin a dhó atá sa chréamadh. Ba ghnách sa réamhstair go gcuirfí an luaithreach isteach i soitheach potadóireachta agus go gcuirfí i gclais í.

Cré-Umhaois

An ré (c. 2400–600 RCh) a tháinig i ndiaidh na tréimhse Neoilítí ar tugadh isteach cré-umha le haghaidh uirlisí agus arm.

Cur i dTalamh gan chumhdach

An nós corpáin na marbh a leagan in uaigh.

Dátú radacarbóin

Modh eolaíochta do dhátú ídiú an iseatóip radaighníomhaigh Carbón 14, atá le fáil i ngach aon ábhar orgánach.

Déantán

Aon ní inghluaiste arna úsáid, arna mhodhnú nó arna dhéanamh ag daoine.

Díog fháinneach

Imfhálú beag ciorclach arna shainiú le díog ar dhéanamh fáinne ar minic a bhfuil baint aige le hadhlacadh réamhstairiúil. Fuarthas amach gur feart fáinneach treafa a bhí in go leor acu.

Feart Fáinneach

Is dumha adhlactha é feart arna dhátú go ginearálta ón Chré-Umhaois agus ón Iarnaois. Is é an feart fáinneach an fhoirm is coitianta agus is éard atá ann dumha cré íseal ciorclach, 15–20 m. ar trastomhas, imfhálaithe le díog móide mhúr seachtrach.

Fulacht fiadh (iolra: *fulachtaí fia*)

Suíomh, ón Chré-Umhaois de ghnáth, ina bhfaightear dumha crú-chruthach de chlocha dóite, tinteá(i)n agus trach(anna). Baineadh leas as na suímh sin chun uisce a théamh i gcomhair éagsúlacht cuspóirí féideartha. Ionaid chócaireachta ársa a bhí iontu fosta.

Gné sheandálaíoch

Aon chuid de shuíomh seandálaíoch, mar shampla, poll cuaille, clais, balla, díog nó aon screamh a d’fhéadfadh bheith carntha ar an suíomh.

Iarmheánaíseach

An tréimhse i ndiaidh na tréimhse meánaoisí, ar minic a fheictear í mar an ré i ndiaidh dhíscaoileadh na mainistreacha i lár an 16ú haois.

Iarnaois

Tréimhse dheireanach na réamhstaire, ag tosú ó 800 RCh. Ba sa tréimhse sin a fuair an t-iarann an lámh in uachtar ar an chré-umha do dhéanamh uirlisí agus arm.

In situ

Deirtear go bhfuil déantáin sheandálaíocha *in situ* nuair a fhaightear iad san áit ar cuireadh iad ar deireadh thiar (i.e. gan chorraí gan tochailt).

La Tène

Suíomh iarnaoiseach ag Loch Neuchâtel, An Eilvéis, ina bhfuarthas déantáin mhiotail le maisiú cuarlíneach. Thug La Tène a ainm d’ealaín La Tène agus don dara tréimhse den Iarnaois Eorpach.

Lignit

Gual bog scothdhonn/dhubh ina bhfuil an t-athrú ó ábhar glasra imithe níos faide ar aghaidh ná mar is amhlaidh i gcás móna ach nach bhfuil sé imithe chomh fada is atá sé i gcás guail bhiotúmanaigh. Baineadh úsáid go minic as lignít snasaithe nó gaing chun bráisléid a dhéanamh sa Luath-Mheánaois.

Líonadh

Téarma a mbaintear úsáid as chun cur síos a dhéanamh ar shraith(eanna) aonair ábhair laistigh de ghnéithe seandálaíochta, mar shampla, poll cuaille, clais nó díog.

Lios/Ráth

Áitreabh feirme ón Luath-Mheánaois lena mbaineann cuibhreann ciorclach arna sainiú ag múr cré agus díog sheachtrach. Féadann dhá nó trí mhúr bheith sna créfoirt ardstádais.

Meánaoiseach

An tréimhse i ndiaidh na hlarnaoise, a tharlaíonn in Éirinn ó thús na Críostaíochta sa chúigiú haois AD anuas go dtí an 16ú haois.

Neoiliteach

Tháinig an Chlochaois Nua, c. 4000–2400 RCh roimh thabhairt isteach na miotalóireachta agus feictear tús na feirmeoireachta lena linn.

Seirt

Cloch ar dhéanamh breochloiche, ar dath liath, dubh nó gorm de ghnáth.

Slaig

Fuíoll agus ábhar dramhaíola neamh-mhiotalach ar chosúlacht ghloine a fhágtar ar leataobh i ndiaidh bhruithniú miotail.

Suirbhé geofisiceach

Modh eolaíochta chun taiscéaladh faoi bhun dhromchla na talún trí éagsúlachtaí nó ‘aimhrialtachtaí’ a thomhas in airíonna maighnéadacha, leictreacha agus eile de chuid na hithreach ar féidir ionstraimí suirbhéireachta iad a bhrath.

Taifead na suíomh agus na séadchomharthaí

Liosta suíomh seandálaíochta agus léarscáileanna leo arna dtaifeadadh ag an Stát ar bhunús contae de réir contae.

Uaimh thalún

Struchtúr fothalún ón Luath-Mheánaois lenar bhain dorchla agus seomra amháin nó ní ba mhó, agus bealach isteach i bhfolach ag leibhéal na talún. Bhí feidhm acu mar thearmainn shealadacha agus mar stórlanna.

Vigingeach

Focal Lochlannach a chiallaíonn ruathairí farraige ón Iorua, ón tSualainn agus ón Danmhairg a rinne slad ar chóstaí na hEorpa ón seachtú haois AD ar aghaidh.

Buíochas

Ba mhaith leis an Údarás um Bóithre Náisiúnta buíochas a ghabháil leis na daoine agus na heagrais seo a leanas as rannchur leis an irisleabhar agus as a mbaint leis na scéimeanna bóthair faoi thrácht:

Tony Bartlett, David Bayley, James Bonsall, John Channing, Tim Coughlan, Shane Delaney, James Eogan, Ken Hanley, Mary Healy, James Hession, Joanne Hughes, Noirín Hurley, Tom Janes, James Kyle, Patricia Long, Patricia Lynch, Deirdre McCarthy, Meriel McClatchie, Liam McKinstry, Gill McLaughlin, Will Megarry, Colm Moloney, Mícheál Ó Droma, Jerry O’Sullivan, Sinead Phelan, Niall Roycroft, Michael Stanley, Rónán Swan, Maeve Tobin, Brian Walsh, Yvonne Whitty, Comhairle Contae an Chabáin, Comhairle Contae Dhun na nGall, Comhairle Contae na Gaillimhe, Headland Archaeology(Ireland) Teo, Irish Archaeological Survey Teo, Institiúd Teicneolaíochta,Sligeach, Comhairle Contae Chiarraí, Comhairle Contae Chill Chainnigh, Comhairle Contae Liatroma, Comhairle Contae Longfoirt, Comhairle Contae Lú, Comhairle Contae Luimnigh, Comhairle Contae Thiobraid Arann Thuaidh, Comhairle Contae Ros Comáin, Valerie J Keeley Teo, Comhairle Contae na hIarmhí, Comhairle Contae Loch Garman, agus Wolfhoun Archaeology.

Atáirgtear an t-ábhar ó Shuibhéireacht Ordanáis na hÉireann le caoinchead Rialtas na hÉireann agus Shuibhéireacht Ordanáis na hÉireann faoi uimh. cheadúnais EN0045206

Scéim Mhonagraf an ÚBN

In the Lowlands of South Galway

Le Finn Delaney agus John Tierney

Foilsithe Meitheamh 2011

Déanann an t-imleabhar is déanaí sa tsraith thábhachtach seo cur síos ar níos mó ná 20 suíomh sheandálaíocha a tochlaíodh ar rian an scéim bhóthair, N18 Órán Mór – Gort a théann trasna tírdhreacha inar tháinig agus inar imigh pobail dhaonna ar feadh 10,000 bliain. Cuirtear síos ar gach tochailt ina haonar sa leabhar seo, ach déanann na húdair iarracht fianaise ó gach tréimhse a thuiscint ina comhthéacs tírdhreacha leathan agus dá bhrí sin, radharc anuas a thabhairt don léitheoir ar an saol ar ardchlár ísealchríoch na Gaillimhe Theas, ón réamhstair go dtí an lá atá inniu ann.

Cois tSiúire—nine thousand years of human activity in the Lower Suir Valley

Curtha in eagar ag James Eogan agus Elizabeth Shee Twohig

Le foilsíú Nollaig 2011

Tugann an leabhar seo atá i mbéal a fhoilsithe agus an dlúthdhiosca a théann leis na torthaí ó níos mó ná 60 tochailt sheandálaíocha shuntasacha ar rian Sheachróid Chathair Phort Láirge N25 a tógadh le déanaí. Léirigh na tochailtí go bhfuil daoine ina gcónaí sa cheantar seo de Ghleann Íochtarach an tSiúire le 9,000 bliain ar a laghad, ó aimsir na sealgairí-cruinnitheoirí is luaithe, trí aimsir na chéad fheirmeoirí, trí theacht créumha agus iarainn, go dtí na háiteanna lonnaithe luathmheánaoiseacha agus níos faide. Tugann *Cois tSiúire* tuairiscí ar mhuileann uisce ingearach ón seachtú haois AD, an muileann is luaithe aithne den sórt sin in Éirinn go dtí an pointe seo, agus ar chlós agus reilig na Lochlannach ón naoú haois ag Baile na Coille.

Tá Monagraif Scéim an ÚBN ar fáil trí shiopaí leabhar, nó díreach ó Wordwell Book Sales, Media House, Baile na Lobhar, Baile Átha Cliath 18 (teil: +353 1 2947860); ríomhphost: helen@woodwellbooks.com).

